
An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice



# Straitéis Ceartais Teaghlaigh

## 2022-2025

www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-dli-agus-cirt/

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

# Straitéis Ceartais Teaghlaigh

2022-2025

# Ábhar

**Gluais** ... 1

**Réamhrá ón Aire Dlí agus Cirt, Helen McEntee** ... 2

**Réamhrá ó Chathaoirleach an Ghrúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh** ... 3

**Cuid 1 – Intreoir & Cúlra** ... 4

**1.** Intreoir ... 5

**1.1** An Chéad Straitéis – Fís agus Luachanna ... 6

**1.1.1** Fís ... 6

**1.1.2** Luachanna ... 6

**1.1.3** Spriocanna ... 7

**1.1.4** Idirthuilleamaíochtaí ... 8

**1.2** Comhthéacs agus Cúlra maidir leis an Straitéis Ceartais Teaghlaigh ... 8

**1.2.1** Cad is Córas Ceartais Teaghlaigh in Éirinn ann? ... 8

**1.2.2** Cé atá bainteach leis? ... 8

**1.2.3** Cén riocht atá air faoi láthair? ... 9

**1.2.4** Lá an Dlí Theaghlaigh sa Chúirt Dúiche ... 13

**1.3** Am chun Athrú a Dhéanamh ... 14

**Cuid 2 – Forbairt Straitéise, Spriocanna agus Gníomhartha** ... 15

**2.1** Forbairt Straitéise ... 16

**2.1.1** Comhairliúcháin ... 16

**2.1.2** Athchóirithe Leanúnacha agus Athrú Reachtaíochta ... 16

**2.2** Spriocanna Straitéiseacha ... 18

**Sprioc 1:** Tacú le Leanaí ... 20

**Sprioc 2:** Seirbhísí & Tacaíochtaí ... 22

**Sprioc 3:** Faisnéis & Feasacht ... 24

**Sprioc 4:** Réiteach Díospóide Malartach ... 26

**Sprioc 5:** Forbairt Daoine ... 29

**Sprioc 6:** Bainistiú Sonraí agus Faisnéise ... 31

**Sprioc 7:** Digitiú ... 33

**Sprioc 8:** Saoráidí & Bonneagar ... 35

**Sprioc 9:** Athchóiriú Reachtaíochta ... 38

**2.3** Cén chaoi a mbeidh a fhios againn go bhfuil ag éirí linn? ... 40

**Cuid 3 – Monatóireacht agus Forfheidhmiú** ... 41

**3.1** GFCT, Fóram um Fhorbairt le Foghrúpaí faoi Stiúir an Aire ... 42

**Aguisín I** Comhaltas ar an nGrúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh ... 44

**Aguisín II** Reachtaíocht agus Athchóirithe i gCeartas Teaghlaigh atá nasctha leis an Straitéis seo ... 46

**Aguisín III** Forbairtí Idirnáisiúnta a bhaineann le Ceartas Teaghlaigh ... 49

**Aguisín IV** Sonraí maidir le Ceartas Teaghlaigh ... 52

# Gluais

| | |
|---|---|
| RDM | Réiteach Díospóide Malartach |
| Ordú Rochtana[1] | Ordú Cúirte lena dtacaítear le ceart linbh teagmháil dhíreach a choinneáil leis an tuismitheoir nach bhfuil an leanbh ina chónaí/cónaí leis/léi |
| Ordú Cúraim[2] | Ordú Cúirte a dhéantar chun leanbh a chosaint i gcás go raibh/go bhfuil an leanbh á ionsaí/á hionsaí, go raibh/go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó/di, faillí á déanamh ann/inti nó mí-úsáid ghnéasach á tabhairt dó/di, nó i gcás gur cuireadh as nó gur dócha go gcuirfear as do shláinte, forbairt nó leas an linbh nó go ndearnadh nó gur dócha go ndéanfar faillí iontu sin. Nuair a dhéantar ordú cúraim, fanann an leanbh faoi chúram Tusla ar feadh na tréimhse ama arna sainiú leis an ordú. |
| Rialú Comhéigneach[3] | cion coiriúil ina ngabhann duine go feasach agus go seasmhach d'iompar: atá smachtúil nó comhéigneach, a bhfuil éifeacht thromchúiseach aige ar dhuine ábhartha, agus a mheasfadh duine réasúnta gur dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach aige ar dhuine ábhartha. |
| Comhoibriú | gníomhaíocht ina dtéitear i mbun oibre le duine éigin chun rud éigin a chruthú. |
| Cúram[4] | cúram, cónaitheacht agus tógáil laethúil leanaí a mheastar iad a bheith ina leanaí spleácha. |
| POS | an Phríomh-Oifig Staidrimh |
| RDC | an Roinn Dlí agus Cirt |
| Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha | seirbhísí agus ábhar **infheidhme** a chur ar fáil trí chainéil dhigiteacha. |
| FBGI | Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe. |
| GMCT | Grúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh |
| Leagan Amach Stát na Todhchaí | fís faoi mar ba mhian linn seirbhísí a thairiscint agus a chur ar fáil amach anseo |
| Caomhnóireacht[5] | an fhreagracht dhlíthiúil atá ar thuismitheoirí i ndáil le cinntí a dhéanamh agus dualgais a chur i gcrích maidir lena leanbh a thógáil. |
| COSE | Cumann Oibrithe Sóisialta na hÉireann |
| Dlíthithe i bPearsa | páirtí in imeacht dlí a ghlacann páirt san imeacht sin gan ionadaíocht dhlíthiúil. |
| URSD | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí |
| IIE | Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann |
| | Próiseas is ea idirghabháil ina gcuidíonn le hidirghabhálaí neamhspleách agus neodrach le dhá pháirtí díospóideacha nó níos mó chun an díospóid a réiteach ar bhealach comhoibríoch agus comhthoiliúil.[6] |
| ENR | Eagraíocht Neamhrialtasach |
| OPOFR | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais |
| OOP | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| Coimhthiú Tuismitheora | go ginearálta, tagraíonn sé do phróiseas ina bhfuil leanbh scartha ó thuismitheoir mar thoradh ar ionramháil shíceolaíoch an tuismitheora eile. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé tagairt do chásanna ina bhfuil tuismitheoir amháin ag imirt tionchar go héagórach ar an leanbh nó leanaí i gcoinne an tuismitheora eile. |

1 https://www.courts.ie/guardianship-custody-and-access

2 https://www.citizensinformation.ie/en/birth_family_relationships/services_and_supports_for_children/children_in_care.html#:~:text=A%20care%20order%20may%20be,to%20be%20impaired%20or%20neglected

3 https://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/6/section/39/enacted/en/html

4 https://www.courts.ie/guardianship-custody-and-access

5 https://www.courts.ie/guardianship-custody-and-access

6 https://www.themii.ie/about-mediation/about-mediation

# Réamhrá ón Aire Dlí agus Cirt, Helen McEntee

**I gcás roinnt daoine, tosaíonn agus leanann an saol teaghlaigh ar aghaidh go measartha suaimhneach. Nuair a thagann fadhbanna chun cinn – agus tá a fhios againn ar fad go dtagann – is féidir le go leor daoine iad a réiteach as a stuaim féin.**

I gcás daoine eile, áfach, is féidir na fadhbanna seo a bheith ina gcúis le heasaontuithe, aighneas agus coimhlint maidir le gnéithe éagsúla den saol teaghlaigh – maidir le fanacht le chéile mar lánúin; faoin mbealach agus faoin am a dtugtar aire do leanaí agus faoin duine a thugann aire do leanaí; maidir leis na daoine ar féidir agus ar chóir a bheith ina gcaomhnóir ag leanbh; faoin méid airgid ar chóir do thuismitheoir amháin a chur ar fáil do thuismitheoir eile nuair atáthar ag tabhairt aire do leanaí.

D'fhéadfadh strus a bheith i gceist le cásanna den chineál seo. Cé go n-éiríonn le roinnt daoine iad a réiteach eatarthu féin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach do roinnt daoine tacaíocht a lorg ón gcóras cúirteanna agus ceartais chun réiteach a bhaint amach. In ainneoin dea-rún a bheith ag go leor de na daoine atá páirteach, ar an drochuair, tá a fhios againn nach é an bealach seo an bealach is fearr i gcónaí chun cuidiú le daoine réitigh dá leithéid a fháil agus leanúint ar aghaidh lena saol.

Is córas coimhthíoch é do go leor daoine, tá feidhmiú casta ag baint leis, d'fhéadfadh sé bheith mall ag oibriú agus d'fhéadfadh moilleanna a bheith ag baint leis cuid mhaith den am. Is córas é ina leagtar béim, i gcodanna de, ar achrann agus ina gcuirtear leis seachas féachaint le teacht ar chomhthoil. Is córas é ina mbreathnaítear ar leanaí agus daoine óga mar ábhar aighnis agus ní mar rannpháirtithe sna himeachtaí atá ag dul i bhfeidhm orthu.

Leis an gcéad Straitéis Ceartais Teaghlaigh seo, cuirimid tús leis an bpróiseas chun an bealach ina n-oibríonn an córas ceartais teaghlaigh do leanaí agus teaghlaigh a athrú.

Tá an straitéis ina léiriú ar thuiscint go bhfuil go leor fadhbanna i gceist leis an gcóras reatha nach mór iad a réiteach, ach go bhfuil bearta ann ar féidir iad a dhéanamh freisin chun cuidiú le daoine i láthair na huaire.

Trí na naoi sprioc bharrthábhachtacha agus a gníomhartha gaolmhara a chur i bhfeidhm, cuirfear bonn daingean ar bun chun tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh.

Is straitéis é ina n-aithnítear an tábhacht atá le leanaí a chur i gcroílár an cheartais teaghlaigh i ndáil le ceisteanna a théann i bhfeidhm orthu, agus cluas éisteachta chuí a thabhairt dá nguth sa chóras ceartais teaghlaigh.

Leagtar béim ar an ngá atá le níos mó faisnéise agus tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaoine, lena n-áirítear úsáid réiteach nach bhfuil chomh naimhdeach sin a spreagadh chun cuidiú leo a gcuid fadhbanna a réiteach. Leagtar béim ar an tábhacht atá le hoiliúint a bheith ar dhaoine a oibríonn le leanaí agus teaghlaigh ar fud an chórais ceartais agus tacaíocht a bheith acu chun leas a bhaint as na réitigh sin.

I gcas ina bhfuil sé riachtanach do dhaoine aghaidh a thabhairt ar an gcúirt, beidh sé mar aidhm le struchtúr cúirte teaghlaigh spásanna nó amanna tiomnaithe a chur ar fáil atá ar shiúl ó shuíonna cúirte eile chun cásanna teaghlaigh a éisteacht.


Chomh maith leis sin, leagtar béim ar an mbearna faisnéise maidir le gnéithe den chóras reatha, agus faoi mar a d'fhéadfadh nuálaíochtaí féideartha oibriú i gcomhthéacs na hÉireann. Ar an dóigh sin, leagtar béim mhór ar thaighde agus foghlaim le haghaidh gníomhartha amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na daoine ar fad a ghlac páirt sna gnéithe comhairliúcháin a chuir bonn eolais faoin straitéis seo a fhorbairt: na leanaí agus daoine óga, na ENRanna, gairmithe agus taighdeoirí, agus baill den phobal a thug freagra ar an suirbhé poiblí agus a roinn a gcuid taithí ar an gcóras reatha.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis na comhaltaí agus rúnaíocht an Ghrúpa Mhaoirseachta Ceartais Teaghlaigh a d'fhorbair an straitéis agus ar iarr mé orthu leanúint ar aghaidh i mbun ról maoirseachta i ndáil le forfheidhmiú.

Is é atá sa straitéis seo ná tús le hathchóiriú a chur i gcrích sa spás ceartais teaghlaigh, athchóiriú atá ag teastáil go géar. Creidim go mbunófar leis bonn láidir do chóras amach anseo a bheidh dírithe ar an leanbh agus ar an teaghlach, a bheidh níos cuíchóirithe agus níos soláimhsithe.





**Helen McEntee**
**An tAire Dlí agus Cirt**
**Samhain 2022**

# Réamhrá ó Chathaoirleach an Ghrúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh

**I mí Mheán Fómhair 2020, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt an Grúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh. Ba é an fheidhm a bhí ag an nGrúpa fís ardleibhéil a fhorbairt don chóras ceartais teaghlaigh in Éirinn, agus cuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha a aithint chun é a athchóiriú. Go hachomair, ba é an cúram a bhí i gceist an chéad straitéis ceartais teaghlaigh a fhorbairt.**

Tagann comhaltas an Ghrúpa ó Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí a bhfuil ról lárnach acu ar fad sa chóras reatha.

Chuir an Grúpa tús lena chuid oibre ar an toirt, agus fios acu go raibh go leor le déanamh chun eispéireas leanaí agus teaghlaigh a fheabhsú a bhfuil tacaíocht níos fearr ag teastáil uathu chun a gcuid deacrachtaí teaghlaigh a réiteach.

Chomhroinn comhaltaí an Ghrúpa a gcuid taithí ghairmiúil féin ar an gcóras agus chualamar ó shaineolaithe seachtracha maidir le réimse saincheisteanna, lena n-áirítear guth an linbh, measúnuithe, agus an tábhacht atá le taighde agus bailiú faisnéise in aon chóras atá athchóirithe.

Níos tábhachtaí ná sin, chualamar ó dhaoine a ndeachthas i gcomhairle leo a bhí thar a bheith sásta a léargas féin ar an gcóras reatha a chur ar fáil: aosaigh, leanaí agus daoine óga a bhfuil taithí dhíreach acu ar iarracht a dhéanamh a mbealach a dhéanamh tríd an gcóras; ENRanna; gairmithe dlí; taighdeoirí agus acadóirí; agus réimse daoine eile a bhfuil spéis nó saineolas acu sa réimse.

Tá torthaí an chomhairliúcháin ina léiriú ar chomh díograiseach is atá go leor daoine faoin gcóras a fheabhsú agus faoi chuidiú le daoine a bhfuil sé ag teastáil uathu. Chomh maith leis sin, tugann na torthaí léiriú soiléir ar na deacrachtaí a bhaineann leis an gcóras reatha – ar córas é ar deacair é a thuiscint, deacair bealach a dhéanamh tríd, a bhfuil moilleanna i gceist leis, atá seanfhaiseanta ó thaobh riaracháin de, atá mall ó thaobh freagra a thabhairt agus a bhfuil easpa roghanna ann i dtaobh mar a d'fhéadfadh teaghlaigh a gcuid fadhbanna a réiteach.

Is córas é atá bunaithe ar an tsamhail dlí sáraíochta traidisiúnta, ar samhail í nach mór buaiteoir agus cailliúnaí a bheith mar thoradh uirthi – fiú murab amhlaidh an cás i gcónaí – agus ina meastar gach duine seachas na páirtithe, linbh an teaghlaigh san áireamh, a bheith ina mbreathnóirí éighníomhacha nó, níos measa fós, a bheith lárnach sa choimhlint.

Is córas é a forbraíodh ón gcóras ceartais sibhialta níos leithne, ach nuair a bhaineann sé le gnáth-theaghlaigh, éilítear orthu teacht aniar a léiriú ag drocham dá saol, agus is é fírinne an scéil nach mbíonn an teacht aniar sin i go leor díobh.

Is ionann foilsiú na Straitéise seo agus tús an phróisis athchóirithe. Is léir go bhfuil go leor le déanamh chun córas a fhorbairt a bheidh solúbtha agus freagrúil do riachtanais na ndaoine is mó a dteastaíonn sé uathu agus ina gcuirfear leanaí i gcroílár an phróisis ceartais teaghlaigh.

Beidh bonneagar tacaíochta ag teastáil don struchtúr Cúirte Teaghlaigh atá le bunú faoi Bhille na gCúirteanna Teaghlaigh lena chinntiú go bhfeabhsaítear na heispéiris atá ag na daoine is mó a bhfuil sé ag teastáil uathu trína fheidhmiú, agus roghanna á gcur ar fáil ag an am céanna do na fadhbanna sin a d'fhéadfaí a réiteach os comhair na cúirte. Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh dúshraith láidir agus bun daingean faoin gcóras amach anseo lena bhféadfaí forbairt a dhéanamh air. Tríd an straitéis seo, cuirtear tús leis na tacaíochtaí sin a chur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na daoine ar fad a ghlac an t-am chun a n-eispéiris agus saineolas a roinnt ar trí sin a cuireadh bonn eolais faoinár gcuid oibre chun an Straitéis a fhorbairt. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí an Ghrúpa agus leis an rúnaíocht as ucht a ndúthracht i leith na hoibre seo.



**Oonagh Buckley,**
**Cathaoirleach**
**An Grúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh**
**Leas-Ard-Rúnaí, An Roinn Dlí agus Cirt**
**Samhain 2022**

# Cuid 1–
## Intreoir & Cúlra



# 1 Intreoir

**Caitheann go leor teaghlaigh a saol gan tacaíocht nó rochtain ar sheirbhísí dlí a bheith ag teastáil uathu. I dteaghlaigh áirithe, mar gheall ar athruithe ar an saol, teastaíonn cúnamh uathu ó shaineolaí nuair atá cinneadh á dhéanamh, nuair atá tacaíocht dlí uathu nó nuair a theastaíonn cinneadh ó chúirt uathu. Mar gheall ar fhoirmíochtaí teaghlaigh nua, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach síneadh a chur le cearta caomhnóireachta; d'fhéadfaí sean-phóstaí nó páirtnéireachtaí a chealú ionas gur féidir cinn nua a chruthú i gcásanna áirithe. I gcás daoine eile, d'fhéadfadh sé a bheith ríthábhachtach go mbeadh teacht acu ar an gcóras dlí ionas gur féidir leo a saol a chaitheamh go sábháilte.**

Is féidir na hathruithe seo a bheith goilliúnach, strusmhar agus trámach uaireanta do gach ball teaghlaigh agus níor chóir go gcuirfí leis an strus sin trí bheith ag dul tríd an gcóras ceartais teaghlaigh. Ar an drochuair, ní i gcónaí a chuireann an córas ceartais teaghlaigh aistriú éasca ar fáil trí na hathruithe seo i saol teaghlaigh sa lá atá inniu ann. De dheasca tréimhsí fada feithimh, go leor turas chuig foirgnimh chúirte mar aon le próisis a bhfuil an iomarca maorlathais ag baint leo, easpa faisnéise a bheith ar fáil faoin gcóras agus costais dlí arda, cuirtear leis an ualach trom struis atá ar theaghlaigh cheana féin. Ba chóir go dtacódh an córas ceartais teaghlaigh le teaghlaigh, leanaí agus tuismitheoirí nuair a bhíonn orthu dul chun na cúirte nó díospóid a réiteach.

Cuireadh leasuithe bunreachtúla i gcrích i ndáil le cearta leanaí, guth an linbh a chloisteáil agus comhionannas pósta. Chomh maith leis sin, ritheadh reachtaíocht inar tugadh isteach colscaradh, ina ndeachthas i ngleic le foréigean baile, caidrimh leanaí agus teaghlaigh agus cosaint agus leas leanaí. Tacaíodh leis na hathruithe seo trí ghníomhaireachtaí amhail an tSeirbhís Cúirteanna, An Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus trí obair roinne tiomnaithe den rialtas do leanaí agus daoine óga. Mar aon leo sin, forbraíodh réimse leathan eagraíochtaí deonacha agus earnála pobail chun freastal ar riachtanais teaghlach. Tá ról tábhachtach ag na heagraíochtaí seo ar fad i gcónaí chun freastal ar theaghlaigh de gach cineál agus chun tacú leo maidir leis na fadhbanna go léir a bhíonn rompu.

Tá athrú ag teacht ar an gcóras ceartais teaghlaigh in Éirinn, cé gur athrú mall atá i gceist. Tá go leor ag éileamh athchóiriú ar na córais reatha le blianta fada ach is beag dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

> *Is mithid fís a leagan amach do chóras ceartais teaghlaigh don todhchaí – ar córas é ina díreofar ar riachtanais agus cearta leanaí, ina gcuideofar le tuismitheoirí i ndáil le cinntí a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar an teaghlach ar fad...*

Is mithid fís a leagan amach do chóras ceartais teaghlaigh don todhchaí – ar córas é ina ndíreofar ar riachtanais agus cearta leanaí, ina gcuideofar le tuismitheoirí i ndáil le cinntí a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar an teaghlach ar fad, ina mbeidh sé níos éasca do thuismitheoirí agus teaghlaigh leochaileacha tacaíocht a fháil agus cinntí eolacha a

dhéanamh, a bheidh ina chóras nach mbeidh chomh dírithe céanna ar bhuachan agus cailleadh ach dírithe níos mó ar réitigh fheidhmiúla a aimsiú ar féidir le teaghlaigh maireachtáil leo.

Chun na críche sin, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt an Grúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh (an Grúpa) i mí Mheán Fómhair 2020 chun fís ardleibhéil agus cuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt d'fhonn córas náisiúnta ceartais teaghlaigh a fhorbairt. Is é an Roinn Dlí agus Cirt a dhéanann cathaoirleacht ar an nGrúpa agus tá sé comhdhéanta d'ionadaithe ó fud fad an chórais ceartais teaghlaigh – An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLO) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA); an tSeirbhís Cúirteanna; an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, Cláraitheoirí Contae, agus comhaltaí den bhreithiúnacht ó na cúirteanna dúiche, cúirteanna cuarda agus ardchúirteanna.

Tacaíodh obair an Ghrúpa le dhá shainghrúpa comhairleacha, a chuimsíonn páirtithe leasmhara ó ENRanna, cleachtóirí dlí, taighdeoirí agus acadóirí. Chuathas i gcomhairle leis na grúpaí comhairleacha seo maidir le roinnt saincheisteanna a bhaineann le ceartas teaghlaigh agus roinn siad a léargais leis an nGrúpa.

Thug comhaltaí an Ghrúpa a gcuid taithí fhairsing ó bheith ag obair san earnáil ceartais teaghlaigh leo mar aon leis na torthaí luachmhara ó na comhairliúcháin le grúpaí comhairleacha, an pobal agus leanaí agus daoine óga chun é seo, an chéad straitéis ceartais teaghlaigh, a fhorbairt. Reáchtálfar an straitéis ar feadh trí bliana, le tréimhse athbhreithnithe sé mhí ag an deireadh. Beidh sé ar an gcéad chéim ar an aistear i dtreo athchóiriú, ina leagfar síos an t-ullmhúchán le haghaidh córas comhaimseartha agus solúbtha ina dtabharfar sinn níos gaire do bhealach níos simplí agus níos éifeachtaí do theaghlaigh chun a gcuid fadhbanna a réiteach.

## 1.1 An Chéad Straitéis –Fís agus Luachanna

### 1.1.1 Fís

***Córas ceartais teaghlaigh comhordaithe, comhsheasmhach agus dírithe ar úsáideoirí, ina gcuidítear le leanaí agus teaghlaigh réitigh níos luaithe agus níos iomchuí a bhaint amach ar bhealach níos simplí, níos cothroime agus níos éifeachtaí.***

### 1.1.2 Luachanna

Tá roinnt bunluachanna ann trína mbuntacófar leis an obair atá i gceist chun an straitéis seo a bhaint amach:

**Dírithe ar Úsáideoirí**

*A bheith eolach i gcónaí ar riachtanais agus eispéiris leanaí, teaghlaigh agus daoine aonair a úsáideann an córas agus a ghlacann páirt ann.*

**Comhoibriú**

*Oibriú lena chéile chun caidrimh láidre a chruthú chun córas ceartais teaghlaigh níos fearr a fhorbairt.*

**Rannpháirtíocht**

*Teagmháil a dhéanamh go rialta le páirtithe leasmhara chun feasacht a ardú, fadhbanna a réiteach agus muinín as an gcóras a fhorbairt.*

**Faoi threoir Fianaise**

*Fianaise a úsáid chun bonn eolais a chur faoinár gcinnteoireacht agus chun dul chun cinn a mheasúnú*

### 1.1.3 Spriocanna

Is leis an straitéis seo a chuirtear tús leis an aistear i dtreo córas ceartais teaghlaigh comhaimseartha a bheidh ina léiriú ar riachtanais na sochaí, a bheidh oiriúnach don fheidhm agus a bheidh níos éasca bealach a dhéanamh tríd. Tá naoi sprioc sa straitéis:

#### 1. Tacú le Leanaí

- Cinnte a dhéanamh de go mbeidh riachtanais leanaí i gcroílár an chórais ceartais teaghlaigh, go gcloisfear a nguth agus go gcuirfear san áireamh é, agus go dtabharfar tacaíocht dóibh ar a n-aistear aonair féin tríd an gcóras.

#### 2. Seirbhísí & Tacaíochtaí

- Eispéiris daoine atá rannpháirteach sa chóras ceartais teaghlaigh a fheabhsú trí sheirbhísí comharthaíochta agus tacaíochtaí níos fearr, agus easnaimh i soláthar seirbhísí agus riachtanais reatha a aithint chun samhail níos fearr a fhorbairt le haghaidh soláthar seirbhísí amach anseo.

#### 3. Faisnéis & Feasacht

- Rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú le go mbeidh a fhios ag daoine, leanaí agus teaghlaigh atá ag déanamh a mbealach tríd an gcóras ceartais teaghlaigh an áit le dul chun faisnéis a fháil nuair a theastódh sí uathu, agus go dtuigfeadh siad í.
- Éascaíocht a dhéanamh ar ghairmithe, baill foirne agus gníomhaireachtaí laistigh den chóras ceartais teaghlaigh oibriú lena chéile le go mbeadh eolas níos fearr acu ar a chéile agus ar a ról sa chóras.

#### 4. Réiteach Díospóide Malartach (RDM)

- Bealaí atá níos comhoibrithí agus nach bhfuil chomh naimhdeach céanna a chur chun cinn do dhaoine, leanaí agus teaghlaigh chun iarracht a dhéanamh díospóidí a réiteach, trí fhaisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil chun tacú le daoine na cinntí is fearr a dhéanamh dá gcúinsí féin agus chun cuidiú le cleachtóirí dlí agus RDM an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil dá gcliaint.

#### 5. Forbairt Daoine

- An fórsa oibre ceartais teaghlaigh a fhorbairt, a oiliúint agus a uasoiliúint le bheith ina fhórsa oibre atá trámathreoraithe, báúil agus freagrúil i leith riachtanais úsáideoirí uile an chórais ceartais choiriúil, leanaí agus marthanóirí FBGI san áireamh, le linn seirbhís ghairmiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'úsáideoirí an chórais ceartais choiriúil.

#### 6. Bainistiú Sonraí & Faisnéise

- Bealaí níos fearr a fhorbairt chun faisnéis a bhainistiú, a bhailiú agus a roinnt sa chóras ceartais teaghlaigh, príob-háideacht agus dínit úsáideoirí a chaomhnú ach bainistiú cáis, tuairisciú staitistiúil agus cinnteoireacht fianaisebhunaithe níos fearr a chumasú.

#### 7. Digitiú

- Agus forbairt á déanamh ar dhul chun cinn a rinneadh roimhe seo chun an cur chuige Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha a ghlacadh, úsáid bhreise réiteach digiteach a chur chun cinn do theaghlaigh le go mbeadh fáil acu ar ghairmithe dlí d'fhonn bheith in ann páirt a ghlacadh sa chóras ceartais teaghlaigh.

#### 8. Saoráidí, Bonneagar & Bainistiú Cáis

- Saoráidí agus bonneagar a fheabhsú chun timpeallachtaí cuí, sábháilte agus príobháideacha a chur ar fáil do theaghlaigh chun iarracht a dhéanamh a gcuid fadhbanna a réiteach go héifeachtach agus do ghairmithe chun seirbhís níos éifeachtúla a sholáthar.

#### 9. Athchóiriú Reachtaíochta

- Tacú leis an bpróiseas reachtaíochta ina bhforbraítear reachtaíocht agus ina n-achtaítear í chun an córas ceartais teaghlaigh a athchóiriú.

### 1.1.4 Idirthuilleamaíochtaí

Cúram casta is ea an córas ceartais teaghlaigh a athchóiriú agus níl na spriocanna a leagtar amach neamhspleách ar a chéile. Tá siad nasctha lena chéile ar go leor bealaí. Mar shampla, maidir leis an sprioc tacú le leanaí agus a chinntiú go bhfuil a riachtanais i gcroílár an chórais, beidh forbairt fórsa oibre atá oilte agus freagrúil dá riachtanais ag baint leis sin – gníomhartha faoin sprioc Forbairt Daoine – agus go gcuirfear faisnéis ar fáil faoin gcóras ar bhealach inar féidir le leanaí a thuiscint – a mbeidh gníomhartha faoin sprioc Faisnéis agus Feasacht ag baint leis sin. Ar an dóigh chéanna, tá cur chun cinn RDM agus soláthar faisnéise agus tacaíochta chun cuidiú le daoine roghanna a dhéanamh nasctha leis na spriocanna ina ndéileáiltear le Digitiú, Seirbhísí & Tacaíochtaí agus Forbairt Daoine.

Cuirfear na gníomhartha a thagann chun cinn as na spriocanna seo ar fad (a leagfar amach níos faide anonn sa doiciméad) agus na hidirnaisc agus idirthuilleamaíochtaí eatarthu san áireamh mar chuid den phlean forfheidhmithe.

## 1.2 Comhthéacs agus Cúlra maidir leis an Straitéis Ceartais Teaghlaigh

### 1.2.1 Cad is Córas Ceartais Teaghlaigh in Éirinn ann?

Mar théarma, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cur amach ag an bpobal i gcoitinne ar 'ceartas teaghlaigh'. Mar sin féin, d'fhéadfadh roinnt daoine fadhb ceartais teaghlaigh a bheith acu ina saol. Mar shampla, má táthar ag dul trí chliseadh ar chaidreamh, d'fhéadfadh go leor saincheisteanna a bheith ann nach mór iad a réiteach, ar nós socruithe cónaithe, tacaíocht airgid, tuismitheoireacht agus caomhnóireacht leanaí. D'fhéadfadh comhairle dlí ó aturnae, cuairt chun na cúirte le habhcóide, cinneadh ó bhreitheamh nó comhaontú a bhaint amach trí idirghabhálaí a bheith ag teastáil i leith roinnt de na saincheisteanna seo. Níl sé éasca ná gan strus dul trí chliseadh ar chaidreamh. D'fhéadfadh tacaíocht ó sheirbhísí dlí agus seirbhísí eile a bheith de dhíth chun bealach chun cinn a aimsiú. Cé gur dócha go mbeadh go leor teaghlaigh ag féachaint le ceisteanna a réiteach eatarthu féin gan dul os comhair cúirte nó tacaíocht cúirte a fháil, níl sé indéanta i gcónaí ag daoine teacht ar chomhaontú gan cúnamh a fháil. Chomh maith leis sin, is fiú cuimhneamh go bhféadfadh roinnt comhairle dlí nó ordú cúirte a bheith ag teastáil fiú nuair is féidir le daoine teacht ar chomhaontú.

Is féidir na gníomhaireachtaí, cleachtóirí, ENRanna/comhlachtaí tacaíochta agus ranna rialtais a ndéileálann teaghlach leo agus iad ag déanamh iarracht a chuid fadhbanna a réiteach a mheas a bheith ar an gcóras ceartais teaghlaigh. Ní córas é ar féidir a aithint go soiléir, ar nós an chórais ceartais choiriúil, seachas sin, is bailiúchán seirbhísí, struchtúir agus tacaíochtaí é do theaghlaigh atá ag féachaint le gníomhú i leith athruithe a thagann ar an saol teaghlaigh. D'fhéadfaí breathnú ar an gcóras ceartais teaghlaigh mar chuid den chóras ceartais sibhialta i gcoitinne: tá cos aige sa dlí príobháideach agus sa dlí poiblí. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé idirghníomhú leis an gcóras ceartais coiriúil in amanna freisin. Mar shampla, baineann colscaradh agus saincheisteanna maidir le caomhnóireacht leanaí leis an dlí teaghlaigh príobháideach, tá cosaint agus leas leanaí mar chuid den chóras dlí príobháideach agus den chóras dlí poiblí araon agus d'fhéadfaí déileáil le saincheisteanna áirithe ar nós sáruithe ar orduithe cúirte a bhaineann le cothabháil mar ábhar coiriúil. Chomh maith leis sin, tá gnéithe den cheartas teaghlaigh ag baint le foréigean baile, ar coir atá ann. D'fhéadfadh teaghlach déileáil le roinnt de na gnéithe seo nó leis na gnéithe seo ar fad agus d'fhéadfadh sé a bheith faoin teaghlach a bhealach a dhéanamh trí chórais éagsúlacha chun iarracht a dhéanamh a chuid fadhbanna áirithe a réiteach.

### 1.2.2 Cé atá bainteach leis?

Tá go leor grúpaí agus eagraíochtaí ann a oibríonn go díreach nó go hindíreach sa cheartas teaghlaigh.


Tá **An tSeirbhís Cúirteanna** freagrach as bainistiú a dhéanamh ar na cúirteanna ina n-éistear cásanna dlí teaghlaigh, seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na breithimh a éisteann iad, faisnéis a chur ar fáil maidir leis an gcóras cúirteanna agus foirgnimh agus saoráidí a chur ar fáil d'úsáideoirí cúirteanna.

Tá **na Breithiúna** i gceannas ar éisteachtaí dlí teaghlaigh agus cinneann siad aon saincheisteanna dlí a thagann chun cinn sna cásanna seo. Tá breithiúna go hiomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna dóibh.

Cuireann **Cleachtóirí agus Gairmithe Dlí** comhairle agus cúnamh ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh réiteach a fháil i ndáil lena bhfadhb ceartais teaghlaigh. Tá an grúpa seo comhdhéanta d'aturnaetha, abhcóidí, idirghabhálaithe agus cleachtóirí eile a phléann go díreach leis an dlí teaghlaigh.

Tá **Ranna Rialtais** freagrach as gnéithe éagsúla den chóras. Tá an Roinn Dlí agus Cirt i gceannas ar bheartas a fhorbairt maidir le ceisteanna a bhaineann leis an dlí teaghlaigh príobháideach agus ar reachtaíocht a rith don chóras cúirteanna. Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLO) freagrach as cúram leanaí poiblí (cosaint agus leas leanaí). Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maoirseacht ar an gcaiteachas atá ag teastáil chun buntacú leis an gcóras ceartais teaghlaigh.

Cuireann **An Bord um Chúnamh Dlíthiúil** cúnamh dlí ar fáil do dhaoine aonair, lena n-áirítear daoine atá páirteach i gceisteanna an dlí theaghlaigh faoin Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta. Chomh maith leis sin, cuireann sé seirbhís idirghabhála teaghlaigh saor in aisce agus rúnda ar fáil ó líonra oifigí ar fud na tíre.




**Fíor 1.** *An Córas Ceartais Teaghlaigh*[7]

Is é **Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**, an ghníomhaireacht Stáit thiomnaithe atá freagrach as leas agus torthaí ag leanaí a fheabhsú. Déanann Tusla forbairt, leas agus cosaint leanaí, agus feidhmiú éifeachtach teaghlach a thacú agus a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, cuireann sé maoiniú ar fáil chun seirbhísí comhairleoireachta pósta agus caidrimh ísealchostais a chur ar fáil.

**ENRanna & Grúpaí Deonacha** – Tá réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ann a fhéachann le freastal ar riachtanais daoine a bhfuil fadhbanna ceartais teaghlaigh acu. D'fhéadfaí a áireamh leo sin eagraíochtaí atá maoinithe go poiblí a chuireann seirbhísí idirghabhála, tacaíocht do mharthanóirí FBGI, seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí atá dírithe ar leanaí agus tacaíochtaí do theaghlaigh ar fáil.

Déanann **Cláraitheoirí Contae** maoirseacht ar chásanna den dlí teaghlaigh a ullmhú i gcomhair éisteachta, déanann siad monatóireacht ar dhul chun cinn réamhéisteacht an cháis agus déanann siad socruithe deiridh don éisteacht. Deimhníonn siad na céimeanna nach mór a ghlacadh chun cás a ullmhú i gcomhair éisteachta agus leagann siad síos amchlár do na céimeanna atá le cur i gcrích. Is féidir leo réimse treoracha agus/nó orduithe réamhéisteachta a thabhairt. Tá Cláraitheoirí Contae neamhspleách ina bhfeidhmiú dóibh.

### 1.2.3 Cén riocht atá air faoi láthair?

Sa lá atá inniu ann, bíonn an bealach a ndéanann teaghlach iarracht an fhadhb atá ann a réiteach ag brath go mór ar an gcineál faidhbe atá i gceist. Uaireanta, bíonn cuairt chun na cúirte ag teastáil. Uaireanta, is féidir an fhadhb a réiteach lasmuigh den chúirt. Chomh maith leis sin, beidh tionchar ag an áit ina maireann an teaghlach agus an méid airgid atá le caitheamh acu, ar chomhairle dlí nó ar chomhairleoireacht mar shampla, ar na seirbhísí atá ar fáil don teaghlach agus d'fhéadfadh an méid sin tionchar a imirt ar an toradh ar deireadh thiar.

Más gá do theaghlach dul chun na cúirte, braitheann an chúirt a dtéann an teaghlach chuici ar an bhfadhb atá i gceist

7 Ní liostaítear na páirtithe ar fad atá páirteach sa chóras dlí teaghlaigh sa léaráid. D'fheadfadh an t-aistear tríd a bheith ina aistear casta, ag brath ar an tsaincheist atá idir lámha agus d'fhéadfadh teaghlach déileáil le níos mó eagraíochtaí ná na heagraíochtaí a léirítear. Mar shampla, d'fhéadfadh cúnamh ó FSS a bheith ag teastáil ó theaghlaigh chun comhairleoireacht a fháil nó d'fhéadfadh teaghlaigh dul i dteagmháil leis An Garda Síochána chun foréigean baile a thuairisciú. Níl sé i gceist leis an léaráid seo go mbeadh sí ina léiriú ar chóras ceartais teaghlaigh iata ach seachas sin, is léiriú í ar na príomh-rannpháirtithe.

agus ar an réiteach atá ag teastáil ón teaghlach. Déileáiltear le cásanna den dlí teaghlaigh sna dlínsí cúirte ar fad, ag brath ar na cineálacha saincheisteanna atá faoi dhíospóid den chuid is mó. Mar shampla, déileálann na cúirteanna dúiche le horduithe cosantacha i gcásanna den fhoréigean baile, cásanna cúraim leanaí agus cothabhála. Déileálann na cúirteanna cuarda agus ardchúirteanna le cásanna maidir le colscaradh agus idirscaradh breithiúnach go príomha.

Más mian le teaghlach an fhadhb a réiteach gan dul chun na cúirte, is féidir leis an teaghlach triail a bhaint as idirghabháil. Tá líon oifigí idirghabhála teaghlaigh ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil ina gcuirtear seirbhís ar fáil saor in aisce. Tá ocht gcinn díobh sin comhlonnaithe le lárionaid dlí: Teach Jervis, Dún Dealgan, Tamhlacht, Cill Chainnigh, Leitir Ceanainn, Sligeach, Luimneach agus Port Laoise. Chomh maith leis sin, tá seirbhís cúirt-bhunaithe lánaimseartha amháin ag an tseirbhís in Oifig Dlí Teaghlaigh Chúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath (Teach an Charnáin). Gheobhaidh roinnt teaghlaigh cúnamh i ndáil le comhairle agus costais dlí nó aimseoidh siad cuidiú le heagraíochtaí pobail e.g. comhairleoireacht, comhairle airgeadais, ach amhlaidh a bheidh sé do theaghlaigh eile. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh teacht a bheith acu ar sheirbhísí comhairleoireachta pósta agus caidrimh ísealchostais arna maoiniú ag Tusla.


D'fhéadfadh sé a bheith costasach do theaghlaigh dul tríd an gcóras faoi mar atá sé i láthair na huaire. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh cuid den chostas le bheith ag taisteal chun na cúirte, le costais cúraim leanaí nuair atá na tuismitheoirí i láthair sa chúirt mar aon leis an gcostas ard a bhaineann le leas a bhaint as seirbhísí dlí ar bhonn príobháideach nó le saineolaithe gairmiúla a fhostú.

### *Tréimhsí Feithimh agus Líon na gCásanna*

Láimhseáiltear cásanna dlí teaghlaigh ar bhealaí éagsúla i réigiúin éagsúla. Mar shampla, i mBaile Átha Cliatha, tá an Chúirt Dúiche i dTeach an Charnáin dírithe ar cheisteanna dlí teaghlaigh a éisteacht agus bíonn ceithre chúirt ina suí in aghaidh an lae, ach in go leor cúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, ní ach uair nó dhó ina aghaidh na míosa a ndéileáiltear le cásanna dlí teaghlaigh. Bíonn sé seo ina chúis le tréimhsí feithimh difriúla do chúirteanna ar fud na tíre agus le liostaí fada suas le 80 cás in aghaidh an lae uaireanta. Tá na liostaí sna cúirteanna sin ró-fhada le go mbeadh breithiúna in ann dul tríothu, go háirithe sna cúirteanna dúiche, agus bíonn ar theaghlaigh leanúint de bheith i láthair sna foirgnimh cúirteanna roinnt amanna go dtí go n-éistfear a gcás. D'fhéadfadh dátaí breise i gcomhair éisteachtaí a bheith ag teastáil go dtí go réiteofaí an fhadhb. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an méadú in úsáid ateangairí agus an t-athrú reachtaíochta lena bhforáiltear d'iarratais ó theaghlaigh níos éagsúla a bheith ina gcúis le níos mó ama a bheith ag teastáil chun cásanna a éisteacht agus a bhreithniú.

Is féidir líon na gcásanna dlí teaghlaigh sna cúirteanna dúiche agus cuarda le dhá bhliain anuas a fheiceáil sna cairteacha thíos.

**Gníomhaíocht Dlí Teaghlaigh sna Cúirteanna Dúiche**





| | R1 2019 | R2 2019 | R3 2019 | R4 2019 | R1 2020 | R2 2020 | R3 2020 | R4 2020 | R1 2021 | R2 2021 | R3 2021 | R4 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| — Incoming | 8275 | 8783 | 7339 | 6647 | 8363 | 6876 | 7931 | 8060 | 7612 | 8374 | 8262 | 8358 |
| — Disposed | 8223 | 7946 | 7208 | 8529 | 7444 | 5500 | 7569 | 8707 | 6836 | 8347 | 7221 | 8750 |

*Foinse: an tSeirbhís Cúirteanna, 2022*

**Cairt 1.** *Gníomhaíocht Dlí Teaghlaigh sna Cúirteanna Dúiche*

**Gníomhaíocht Dlí Teaghlaigh sna Cúirteanna Cuarda**




| | R1 2019 | R2 2019 | R3 2019 | R4 2019 | R1 2020 | R2 2020 | R3 2020 | R4 2020 | R1 2021 | R2 2021 | R3 2021 | R4 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| — Incoming | 1502 | 1671 | 1401 | 1384 | 1838 | 1102 | 1859 | 1803 | 1891 | 1886 | 1720 | 1682 |
| — Disposed | 1324 | 1216 | 732 | 1413 | 1082 | 506 | 744 | 1439 | 854 | 1283 | 1131 | 1902 |

*Foinse: an tSeirbhís Cúirteanna, 2022*

**Cairt 2.** *Gníomhaíocht Dlí Teaghlaigh sna Cúirteanna Cuarda*

Mar aon leis an líon cásanna atá ag dul tríd na cúirteanna, tá fad na dtréimhsí ama ina fhadhb. I mí Mheán Fómhair 2021, tharla sé go bhféadfadh teaghlach sa Nás a bheith ag fanacht suas le 32 seachtaine sula n-éistfeadh Cúirt Dúiche an Náis an t-iarratas cothabhála dlí teaghlaigh in ainneoin go bhféadfadh teaghlach i mBré a bheith ag fanacht ar feadh 6 seachtaine. I mBéal an Átha, liostaíodh iarratas foréigin baile i gcomhair éisteachta iomláin le horduithe eatramhacha curtha i bhfeidhm taobh istigh de 4 seachtaine cé gur ghlac iarratas den chineál céanna 23 seachtaine i dTulach Mhór. Más gá do theaghlach a bheith i láthair sa chúirt chuarda, féadann na tréimhsí feithimh a bheith chomh fada céanna agus is minic a bhíonn siad níos faide ná sin. I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhéadfadh teaghlach sa Chabhán achomharc a dhéanamh chuig an gcúirt chuarda agus bheadh siad ag fanacht idir 12 agus 18 mí in ainneoin go nglacfadh an t-achomharc céanna 3 mhí i mBaile Átha Cliath.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé a bheith ina phróiseas fada chun iarracht a dhéanamh ceisteanna a réiteach lasmuigh den chúirt. Arís, ag brath ar an gceantar ina maireann an teaghlach, tá difríocht mhór idir na tréimhsí feithimh chun teacht a bheith ar chomhairliúchán le haturnae nó le hidirghabhálaí teaghlaigh ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Tá níos mó tréimhsí feithimh sna cúirteanna dúiche agus cuarda a bhaineann le ceisteanna ceartais teaghlaigh mar aon leis na seirbhísí ón mBord um Chúnamh dlíthiúil le feiceáil thíos i dTábla 1. Is féidir táblaí iomlána a fháil in Aguisín IV.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird gur féidir le tréimhsí feithimh i gcúirteanna, lárionaid dlí agus lárionaid idirghabhála teaghlaigh difriúla athrú ag brath ar réimse cúinsí agus nach gá go mbeadh tréimhse feithimh ag aon phointe ama ar leith ina chomhartha go mbeadh an tréimhse feithimh chomh fada nó chomh gearr céanna sa todhchaí.

A luaithe atá cás faoi bhealach, ní bhíonn an chuid is mó d'fhoirgnimh chúirte oiriúnach do na cineálacha cásanna dlí teaghlaigh seo. Tá go leor de na foirgnimh faoi úinéireacht na Seirbhíse Cúirteanna agus is foirgnimh oidhreachta iad, a leagadh amach ar dtús le haghaidh trialacha coiriúla agus níl saoráidí leordhóthanacha iontu d'aturnaetha chun bualadh go príobháideach lena gcliaint agus níl limistéir feithimh oiriúnacha iontu do leanaí nó do dhaoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu.

**Tábla 1:** *Tréimhsí Feithimh (Seachtainí) d'Iarratais agus Seirbhísí Ceartais Teaghlaigh suas le mí na Nollag 2021*

| Seirbhís/ Iarratas | Leitir Ceanainn | Dún Dealgan | Baile Átha Claith | Cill Chainnigh | Luimneach | Corcaigh | Caisleán an Bharraigh | Gaillimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Foréigean Baile (Dlí Teaghlaigh) | An Chéad Suí Eile | 8 - 12 | An Lá Céanna | 1 | 4 | An Chéad Suí Eile | An Chéad Suí Eile | 12 |
| Cothabháil/ Caomhnóireacht (Cúirt Dúiche) | 8 | 16 - 20 | 25 | 10 - 12 | 8 | 13 | 16 | 12 |
| Dlí Teaghlaigh ar Cuireadh ina Aghaidh | 36 | 36 – 48 | 16 - 24 | 24 | 24 | 36 | 12 | 12 - 24 |
| (Cúirt Chuarda) | | | | | | | | |
| Achomharc Dlí Teaghlaigh (Cúirt Chuarda) | 36 | 24 - 36 | 6 | 24 | 12 | 24 - 36 | 12 | 12 - 24 |
| An Chéad Chomhairliúchán leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil | 11 | 21 | 20 (Baile Bhlainséir) | 23 | 11 | 34 (Meal Theas) | 14 | 13 (Teach Seville) |
| Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh* | 12 | 16 | 12 (Baile Bhlainséir) | 16 | 14 | 8 | 4 | 12 |


**Amhail mí an Mheithimh 2022*
*Foinse: An tSeirbhís Cúirteanna, 2021, Staitisticí BCD Meán Fómhair 2021 & láithreán gréasáin BCD*[8]

[8] https://www.legalaidboard.ie/en/our-services/family-mediation/find-a-mediation-office/ (June 2022)

### 1.2.4 Lá an Dlí Theaghlaigh sa Chúirt Dúiche

Cuirtear léargas ar fáil sa chairt thíos ar lá dlí teaghlaigh i gcúirteanna dúiche éagsúla ar fud na tíre.

**Cairt 3:** *Lá an Dlí Theaghlaigh i gCúirteanna Dúiche*




*Foinse Íomhá: https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Ireland_location_provinces.svg*
*Foinse Sonraí: Uachtarán na Cúirte Dúiche*

## 1.3 Am chun Athrú a Dhéanamh

Ní fadhbanna nua iad na fadhbanna atá sa chóras reatha agus d'aithin comhlachtaí agus grúpaí eile iad le blianta beaga anuas. D'fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (CAD) tuarascáil maidir leis na Cúirteanna Teaghlaigh sa bhliain 1996 agus rinneadh 67 moladh inti i ndáil le hathchóiriú struchtúrach agus dlíthiúil. Áiríodh leo sin córas cúirte teaghlaigh réigiúnach a chur ar bun, oiliúint níos fearr a chur ar fáil do bhreithiúna, bainistiú cáis cuí, Lárionaid Faisnéise Cúirte Teaghlaigh agus seirbhísí tacaíochta a chur ar bun, roghanna malartacha ar dhlíthíocht agus bunachar sonraí náisiúnta maidir leis an dlí teaghlaigh a chur ar bun.

Sa bhliain 2019, rinne an Comhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas iniúchadh ar an gceist maidir le hathchóiriú an dlí theaghlaigh agus reáchtáladh cruinnithe le páirtithe leasmhara barrthábhachtacha sa réimse. D'fhoilsigh an Coiste a thuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2019 inar tugadh líon moltaí maidir le struchtúr na gcúirteanna teaghlaigh, speisialú, trédhearcacht, acmhainní, guth an linbh agus na neamhchothromaíochtaí laistigh den tseirbhís cúirte. Thug an Tionscadal Tuairiscithe um an Dlí Teaghlaigh[9] agus an Tionscadal Tuairiscithe um an Dlí Cúraim Leanaí (TTDCL)[10] araon líon moltaí chun córas an dlí theaghlaigh agus an dlí cúraim leanaí faoi seach a fheabhsú ón mbliain 2007 i leith. Moladh sa tuarascáil is déanaí ón TTDCL, ina ndearnadh anailís ar imeachtaí cúraim leanaí amháin, Bille na gCúirteanna Teaghlaigh a chur chun cinn láithreach, seirbhís neamhspleách a chur ar fáil chun measúnuithe a chur i gcrích agus sainchomhairle a chur ar fáil don Chúirt Teaghlaigh, tacaíochtaí teiripeacha a chur ar fáil do leanaí atá i mbaol, agus taighde a dhéanamh ar riachtanais mionlach eitneach agus leanaí a bhfuil deacrachtaí diana acu.

Cé gur cuireadh roinnt de na moltaí seo i bhfeidhm, níor cuireadh an chuid is mó díobh i bhfeidhm. Tá na fadhbanna a bhaineann leis an gcóras ann go fóill – bíonn moilleanna fós roimh theaghlaigh atá ag lorg cuidiú lena gcuid fadhbanna a réiteach agus d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu fanacht roinnt seachtainí nó míonna fiú chun bualadh le hidirghabhálaí ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil nó chun go n-éireodh leo iarratas cothabhála nó caomhnóireachta a éisteacht sa chúirt. Braitheann na tréimhsí feithimh go mór ar an áit ina maireann na teaghlaigh. D'fhéadfadh na roghanna atá acu i leith cúnamh dlí nó comhairleoireacht ghairmiúil a bheith teoranta ag brath ar chúinsí airgid. Tá éagsúlacht sa soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí do leanaí idir na réigiúin agus bíonn sé deacair go mór mór ar theaghlaigh atá ag déileáil le míchumais chognaíocha a mbealach a dhéanamh tríd an gcóras. Cé go bhfuil go leor tuarascálacha ann ina moltar athrú, is beag athrú atá bainte amach go dtí seo.

Is i gcomhthéacs na saincheisteanna seo a chuir an Rialtas an Grúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh ar bun i mí Mheán Fómhair 2020 agus d'fhorbair an Grúpa an straitéis uaillmhianach ach réalaíoch seo le heolas ó na hathbhreithnithe seo, mar aon le próiseas comhairliúcháin mionsonraithe agus ionchuir ó shaineolaithe seachtracha le linn a chuid cruinnithe, mar bhonn eolais leis an straitéis. Tá na codanna riachtanacha chun athchóiriú suntasach agus buan a dhéanamh ar an gceartas teaghlaigh sna spriocanna agus gníomhartha sa doiciméad seo.

*Tá na fadhbanna a bhaineann leis an gcóras ann go fóill – bíonn moilleanna fós roimh theaghlaigh atá ag lorg cuidiú lena gcuid fadhbanna a réiteach agus d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu fanacht roinnt seachtainí nó míonna fiú chun bualadh le hidirghabhálaí ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil nó chun go n-éireodh leo iarratas cothabhála nó caomhnóireachta a éisteacht sa chúirt.*

9 Bhí an Tionscadal Tuairiscithe um an Dlí Teaghlaigh ina thionscadal píolótach a cuireadh ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2006 agus a reáchtáladh ar feadh dhá bhliain, ag foilsiú tuarascálacha maidir le himeachtaí dlí teaghlaigh sna Cúirteanna Dúiche, Cuarda agus Ardchúirteanna.

10 Bunaíodh an Tionscadal Tuairiscithe um an Dlí Cúraim Leanaí i mí na Samhna 2012, agus cuireann sé faisnéis ar fáil don phobal maidir le feidhmiú an chórais cúraim leanaí sna cúirteanna trí thaighde a dhéanamh ar imeachtaí cúraim leanaí d'fhonn díospóireacht a chur chun cinn agus lucht déanta beartais a chur ar an eolas. Tá an tuarascáil is déanaí uaidh 'Ripe for Reform' (2021) agus a chuid tuarascálacha ar fad ar fáil ag www.childlawproject.ie

# Cuid 2–
# Forbairt Straitéise, Spriocanna agus Gníomhartha



# 2 Forbairt Straitéise, Spriocanna agus Gníomhartha

## 2.1 Forbairt Straitéise

**Forbraíodh an straitéis seo trí úsáid a bhaint as líon próiseas. Ar dtús, tionóladh an Grúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh ar bhonn míosúil, chun clár oibre a fhorbairt. Le linn a chuid cruinnithe, labhair comhaltaí an ghrúpa agus saineolaithe faoi ghnéithe áirithe den chóras ceartais teaghlaigh. Áiríodh leo sin an ról atá ag measúnaithe agus measúnóirí sa chóras, bailiú agus úsáid sonraí, guth an linbh, Tionscadal Píolótach an Lárionaid um Réiteach Díospóide Chúirt Teaghlaigh Luimnigh, agus ról na gCláraitheoirí Contae.**

### 2.1.1 Comhairliúcháin

Chomh maith leis sin, d'fhorbair an Grúpa Maoirseachta próiseas comhairliúcháin ilsnáithe chun tuairimí páirtithe leasmhara ábhartha agus an phobail a chloisteáil le bonn eolais a chur faoina chuid oibre.

Díríodh an chéad chéim ar pháirtithe leasmhara a bhfuil saineolas aitheanta nó spéis acu i gceartas teaghlaigh. Áiríodh leo sin ENRanna, gníomhaireachtaí rialtais, cleachtóirí dlí, grúpaí idirghabhálaithe, taighdeoirí agus acadóirí. Reáchtáladh seimineár gréasáin, agus ina dhiaidh sin, iarradh ar na grúpaí seo aighneachtaí a sheoladh maidir le réimse sonrach topaicí.

Ina dhiaidh sin, bunaíodh dhá shainghrúpa chomhairleacha (grúpa ENR agus grúpa gairmithe agus acadóirí/taighdeoirí) agus roghnaíodh comhaltas ó na heagraíochtaí agus daoine aonair sin a chuir aighneachtaí isteach chuig an nGrúpa Maoirseachta. Ba é an cuspóir a bhí leis na grúpaí comhairleacha seo comhairliúchán agus rannpháirtíocht bhreise a chur ar fáil. Tugadh faoi chomhairliúchán maidir le réimse saincheisteanna, lena n-áirítear aistear úsáideoirí an cheartais teaghlaigh, seirbhísí agus tacaíochtaí, úsáid réitigh díospóide mhalartaigh, agus an meascán d'imeachtaí sibhialta agus coiriúla a théann i bhfeidhm ar theaghlaigh. Tionóladh na grúpaí comhairliúcháin seo idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2021.

Bhain an dara céim le suirbhé comhairliúcháin phoiblí ar líne, a seoladh i mí Bealtaine 2021. Bhí an suirbhé beo ar feadh ceithre seachtaine agus bailíodh breis agus 900 freagra.

Ba le leanaí agus daoine óga a raibh taithí acu ar an gcóras ceartais teaghlaigh a bhí an chéim dheiridh den chomhairliúchán. Ba é an t-aonad rannpháirtíochta san RLCMLO a bhainistigh an bpróiseas comhairliúcháin seo trí Hub na nÓg, a oibríonn le heagraíochtaí pobail agus tacaíochta teaghlaigh, chun cuireadh a thabhairt do leanaí agus daoine óga páirt a ghlacadh. San iomlán, thoiligh 12 leanaí, daoine óga agus aosaigh óga páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin duine le duine maidir lena dtaithí. Cuireadh le guthanna na leanaí agus daoine óga seo le torthaí ó chomhairliúcháin a roinneadh leis an RLCMLO a tháinig chun cinn óna cuid athbhreithnithe a rinneadh ar an Acht um Chúram Leanaí agus ar an tseirbhís Caomhnóir ad litem.

Bhí tionchar díreach ag na saincheisteanna a chuir páirtithe leasmhara, leanaí, an pobal agus grúpaí comhairleacha in iúl le linn an phróisis chomhairliúcháin ar threo na straitéise seo agus ar an raon athchóirithe a bhfuil sé beartaithe ag an nGrúpa Maoirseachta aghaidh a thabhairt air.

### 2.1.2 Athchóirithe Leanúnacha agus Athrú Reachtaíochta

Forbraíodh agus athraíodh an córas ceartais teaghlaigh le roinnt blianta anuas de réir mar a tháinig reachtaíocht nua i bhfeidhm agus de réir mar a forbraíodh seirbhísí nua. Forbraíodh an straitéis seo i gcomhthéacs na n-athruithe seo, agus beidh tionchar díreach ag baint le cuid acu ar nós Chlár Nuachóirithe na gCúirteanna agus Bille na gCúirteanna Teaghlaigh. Tugtar achoimre ar na príomhréimsí thíos agus tá tuilleadh mionsonraí ar fáil in Aguisín III.

- **Bille na gCúirteanna Teaghlaigh**

Forálfar le Bille na gCúirteanna Teaghlaigh, i ndiaidh é a achtú, chun Cúirt Dúiche Teaghlaigh, Cúirt Chuarda Teaghlaigh agus Ard-Chúirt Teaghlaigh a bhunú mar rannán laistigh de struchtúr reatha na gcúirteanna.

Chomh maith leis sin, forálfar don mhéid a leanas leis an mBille:

- Sraith treoirphrionsabal chun cuidiú lena chinntiú go bhfeidhmeoidh an córas Cúirteanna Teaghlaigh ar bhealach éifeachtúil, go spreagfar na cúirteanna bainistiú cáis a dhéanamh ar bhonn gníomhach agus tús áite a thabhairt do leas an linbh i ngach imeacht dlí teaghlaigh.
- Breithiúna a shannadh ar bhonn lánaimseartha don Ard-Chúirt Teaghlaigh, don Chúirt Chuarda Teaghlaigh, agus don Chúirt Dúiche Teaghlaigh. Beidh na breithiúna seo ina mbreithiúna a mheastar, mar gheall ar an oiliúint atá acu nó a dtaithí, a bheith oiriúnach chun déileáil le ceisteanna dlí theaghlaigh. Beidh oiliúint ghairmiúil leanúnach i réimse an dlí theaghlaigh ag teastáil.
- Ainmniú na gcuarda Cúirteanna Cuarda Teaghlaigh agus na teorainneacha geografacha a bhaineann leo agus iad sin a roinnt ina gceantair Cúirte Dúiche Teaghlaigh.

*Forálfar le Bille na gCúirteanna Teaghlaigh, i ndiaidh é a achtú, chun Cúirt Dúiche Teaghlaigh, Cúirt Chuarda Teaghlaigh agus Ard-Chúirt Teaghlaigh a bhunú mar rannán laistigh de struchtúr reatha na gcúirteanna.*

- **Clár Nuachóirithe na Seirbhíse Cúirteann**a

Thug an tSeirbhís Cúirteanna faoi Chlár Nuachóirithe uaillmhianach deich mbliana chun an bealach a gcuireann sí seirbhísí ar fáil a athrú ó bhonn agus córas cúirteanna nua-aimseartha den chéad scoth a chruthú ina gcuirfí eispéireas cúirte níos tapa, níos éasca agus níos éifeachtúla ar fáil do na daoine a úsáideann agus a oibríonn sa chóras. Féachtar leis aistriú i dtreo córas atá níos digití agus atá dírithe níos mó ar an úsáideoir. Mar chuid den chlár seo, bunaíodh sruth oibre um Athchóiriú an Dlí Theaghlaigh chun cur chuige atá dírithe níos mó ar an duine a ghlacadh d'fhonn torthaí níos fearr d'úsáideoirí na gcúirteanna agus dá dteaghlach a chinntiú. Áireofar le hobair an chláir athchóirithe soláthar faisnéise níos fearr, próisis shimplithe agus chaighdeánaithe agus seirbhísí digiteacha a bharrfheabhsú chun eispéireas níos fearr a chur ar fáil do dhaoine a úsáideann seirbhísí dlí teaghlaigh.

- **Lána an Chrochaire**

Chomh maith leis sin, tá an tSeirbhís Cúirteanna i mbun coimpléasc Cúirte Teaghlaigh comhaimseartha, saintógtha a phleanáil ar Lána an Chrochaire i mBaile Átha Cliath faoin Plean Forbartha Náisiúnta. Tríd an bhforbraíocht atá beartaithe, beifear in ann deireadh a chur le húsáid na saoráidí dlí teaghlaigh reatha atá faoi bhun caighdeáin ag Teach an Charnáin, Teach an Fhionnuisce agus Teach Cúirte Shráid na Seansaireachta.

- **An tAcht um Chúram Leanaí a Athbhreithniú**

Is é an tAcht um Chúram Leanaí, 1991 an príomhphíosa reachtaíochta lena rialaítear beartas i leith cúram leanaí agus cosaint leanaí in Éirinn. Chuir RLCMLO tograí i ndáil le hathchóiriú faoi bhráid an Rialtais in 2021 i ndiaidh próisis fhairsing athbhreithnithe, lenar áiríodh comhairliúchán le réimse leathan páirtithe leasmhara. Cuireadh tús le Scéim Ghinearálta agus Ceannteidil an Bhille a dhréachtú de bhua na dtograí seo agus táthar ag súil iad a fhoilsiú ag deireadh na bliana 2022.

- **An Straitéis um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGI)**

Foilsíodh an tríú Straitéis um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe i mí an Mheithimh 2022. D'fhéadfadh deacrachtaí ar leith a bheith ag marthanóirí FBGI agus iad ag déanamh iarracht ceisteanna ceartais teaghlaigh a réiteach. Ó thaobh an chórais de, tá gá le bealaí a aithint inar féidir leis an snáitheanna coiriúla, dlí teaghlaigh agus cúraim leanaí den chóras dlí eispéiris na dteaghlach seo a fheabhsú, a gcosaint agus leas a chur chun cinn agus tacú leo a saol a chaitheamh.

- **An Grúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach**

Bunaíodh an Grúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach (GOPB) i mí Aibreáin, 2021 chun breithniú a dhéanamh ar an líon agus cineál breithiúna atá ag teastáil d'fhonn riarachán éifeachtach an cheartais a chinntiú go ceann cúig bliana eile. Beidh gá le breithniú a dhéanamh ar acmhainn bhreithiúnach breise chun Cúirt Teaghlaigh a bhunú de réir mar a moladh le Bille na

> *Glacfaidh sé am chun athchóiriú buan a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, beidh iarracht leanúnach ó gach duine atá páirteach sa cheartas teaghlaigh ag teastáil...*

gCúirteanna Teaghlaigh. Tá an Grúpa Oibre ag súil lena chuid oibre a chur i gcrích agus a thuarascáil a chur isteach in R4 2022.

- **Cúnamh Dlí Sibhialta a Athbhreithniú**

Rinneadh an chéad athbhreithniú cuimsitheach ar Chúnamh Dlí Sibhialta i mí an Mheithimh 2022. Tá sé ar an gcéad athbhreithniú ó bunaíodh an scéim, a bunaíodh at dtús sa bhliain 1979 sular leagadh amach sa dlí é in 1995. Tá cúnamh dlí ar fáil faoi láthair do dhaoine a chomhlíonann na critéir incháilitheachta don scéim (tástáil acmhainne san áireamh). Cé go bhfuil sé ar fáil le haghaidh raon réimsí den dlí, is le réimse an dlí theaghlaigh a bhaineann an soláthar den chuid is mó.

- **Seirbhísí Caomhnóir ad Litem a Athchóiriú**

Faoi láthair, is faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 a chuirtear socruithe do chaomhnóir ad litem (CAL) ar fáil do leanaí is ábhar d'imeachtaí cúraim leanaí an dlí phoiblí. Cuireann CALanna an chúirt ar an eolas faoi thuairimí an linbh agus tugann siad comhairle don chúirt maidir le leas an linbh. Síníodh an tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2022 ina ndéantar foráil chun an córas caomhnóir ad litem (CAL) a athchóiriú, ina dhlí an 19 Iúil, 2022. Trí seo, tabharfar aghaidh ar easnaimh shuntasacha i socruithe reatha agus cuirfear bonn reachtúil ar fáil do sheirbhís náisiúnta Caomhnóir ad litem.

Beidh ábharthacht shoiléir ag na hathchóirithe ar fud na réimsí seo leis na gníomhartha atá sa straitéis seo agus i straitéisí ceartais teaghlaigh ina dhiaidh sin. Chomh fada agus is féidir, déantar na gníomhartha sa straitéis ceartais teaghlaigh seo a ailíniú le gníomhartha atá faoi bhealach i réimsí eile cheana féin. Dé réir mar a théann an cur i bhfeidhm chun cinn, is féidir gníomhartha a mhionchoigeartú nó a dheisiú de réir mar is gá chun forbairtí i réimsí beartais ghaolmhara a chur san áireamh.


## 2.2 Spriocanna Straitéiseacha

Is léir ón bpróiseas comhairliúcháin, agus ón méid a bhfuil eolas air faoin gcóras faoi láthair, go bhfuil deiseanna ann chun eispéireas an úsáideora a fheabhsú ar fud an chórais ar fad. Ós rud é go ndéanann daoine iarracht réitigh a bhaint amach dá gcuid fadhbanna, agus ós rud é go ndéanann dlíodóirí agus cleachtóirí dlí iarracht na réitigh is fearr a fháil dá gcliaint, tá féidearthachtaí soiléire ann chun athruithe dearfacha a dhéanamh. Áirítear easnaimh i dtaobh faisnéise, teacht a bheith ar na cúirteanna agus na costais a bhaineann leis, agus an gá atá le córas níos comhbháiche ar na reimsí a chuirfeadh feabhas suntasach ar an aistear tríd an gcóras ceartais teaghlaigh do gach duine atá páirteach dá ndéanfaí iad a athchóiriú.

Glacfaidh sé am chun athchóiriú buan a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, beidh iarracht leanúnach ó gach duine atá páirteach sa cheartas teaghlaigh ag teastáil, agus beidh comhoibriú agus rannpháirtíocht leanúnach leis na breithiúna, an tSeirbhís Cúirteanna, gairmithe agus cleachtóirí dlí, Ranna Rialtais agus na heagraíochtaí ar fad a chuidíonn le teaghlaigh a ndíospóidí a réiteach i gceist leis.

Forbraíodh na spriocanna atá anseo agus na gníomhartha gaolmhara a bhaineann leo mar shraith bloc tógála ar an aistear i dtreo córas ceartais teaghlaigh comhaimseartha ina léireofaí riachtanais an tsochaí, a bheadh oiriúnach don fheidhm agus a bheadh níos éasca ag daoine a mbealach a dhéanamh tríd.


**Spriocanna Straitéiseacha**




**Cairt 4:** *Spriocanna Straitéiseacha*

Leagtar amach sa chairt thíos an t-amlíne chun na spriocanna seo a chur chun cinn sna trí bliana atá romhainn.

**Amlíne chun Spriocanna a Chur Chun Cinn**




**Cairt 5:** *Amlíne chun Spriocanna Straitéiseach a Chur Chun Cinn*

# Sprioc 1

## Tacú le Leanaí

**Cinnte a dhéanamh de go mbeidh riachtanais leanaí i gcroílár an chórais ceartais teaghlaigh, go gcloisfear a nguth agus go gcuirfear é san áireamh, agus go dtabharfar tacaíocht dóibh ar a n-aistear aonair féin tríd an gcóras.**

Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh leanaí i gcroílár an chórais ceartais teaghlaigh. Ón mbliain 2015 ar aghaidh, cumhdaíodh guth an linbh sa Bhunreacht i ndáil le himeachtaí maidir le cúram leanaí, uchtú, caomhnóireacht, cúram agus rochtain, agus dá bhrí sin tá sé de fhreagracht ar gach duine a oibríonn laistigh den chóras ceartais teaghlaigh cinnte a dhéanamh de go dtugtar cluas éisteachta do ghuth an linbh agus go gcuirtear é san áireamh. Mheas formhór na ndaoine a ndeachthas i gcomhairle leo sa chomhairliúchán poiblí go raibh sé ar an ngné ba thábhachtaí é don chóras ceartais teaghlaigh.

*Ba chóir go mbeadh leanaí páirteach go pointe áirithe toisc go mbaineann sé lena saol an oiread céanna le saol a dtuismitheoirí, tá sé de cheart acu a bheith ar an eolas.*

(Rannpháirtí sa Chomhairliúchán le Leanaí)

*Tá tús áite ag na leanaí ach is daoine aosta ar fad a dhéanann cinneadh agus gan aon oiliúint orthu maidir le bheith ag obair le leanaí agus níl an leanbh páirteach.”*

(Duine den Phobal)

Sna gníomhartha a leagtar amach thíos, cuirtear líon deiseanna ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh, lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) seirbhísí nua saincheaptha a fhorbairt do leanaí, soláthar faisnéise níos fearr atá curtha in oiriúint do leanaí agus daoine óga agus oiliúint níos fearr do dhaoine a oibríonn le leanaí. Trí seo, beifear in ann guth an linbh a chloisteáil go soiléir sa chóras, lena chinntiú go dtugtar tacaíocht dóibh as a gceart féin agus go dtabharfar tús áite dá sábháilteacht, slándáil agus leas.

| 1. Tacú le Leanaí | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha | Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha | Dáta Tosaithe | Dáta Seachadta |
| 1. Grúpa Oibre a bhunú chun:<br>1.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht socruithe reatha i ndáil le guth an linbh a chloisteáil i gcásanna dlí teaghlaigh príobháideacha agus i bpróisis um réiteach díospóide malartach (RDM) (más iomchuí).<br>Más gá:<br>1.2. Meicníochtaí píolótacha a fhorbairt i ndáil le guth an linbh a chloisteáil i ngach ceist dlí teaghlaigh, lena chinntiú go gcuirtear leas leanaí san áireamh in éineacht lena gcearta bunreachtúla.<br>1.3. An bealach inar chóir na meicníochtaí seo a bheith i láthair ar fud na n-imeachtaí ar fad – imeachtaí príobháideacha, dlí teaghlaigh poiblí mar aon le himeachtaí RDM, a mheas agus moladh a thabhairt ina leith sin mar aon leis an mbealach inar chóir maoirseacht a dhéanamh orthu agus dearbhú cáilíochta a thabhairt ina leith. | **RDC**<br>RLCMLO<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>ENRanna<br>Comhlachtaí Gairmiúla Dlí<br>(grúpa Chomhairle na hEorpa) | R4 2023<br><br><br><br><br>R1 2025<br><br><br>R3 2025 | R4 2024<br><br><br><br><br>R2 2025<br><br><br>R4 2025 |
| 2. Faisnéis atá oiriúnach do leanaí a fhorbairt agus a chur ar fáil chun próisis ceartais teaghlaigh a mhíniú do leanaí, ionas go dtuigfidh siad na cineálacha cinntí is féidir a dhéanamh maidir leo agus faoin mbealach inar féidir lena nguth cur leis na cinntí agus próisis sin: | **RDCJ**<br>Tusla<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>RLCMLO | | |

| 1. Tacú le Leanaí | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha** | **Dáta Tosaithe** | **Dáta Seachadta** |
| 2.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar faisnéise reatha do leanaí agus daoine óga a bhfuil saincheisteanna ceartais teaghlaigh ag dul i bhfeidhm orthu agus deiseanna nua a aithint chun faisnéis a roinnt.<br>2.2. Ábhar atá oiriúnach agus inrochtana do leanaí a chruthú chun breithiúnais agus cinntí maidir le ceartas teaghlaigh a mhíniú (nuair is cuí agus is indéanta) atá saincheaptha do leanaí. | Na Breithiúna<br>ENRanna | R3 2023<br><br>R2 2024 | R1 2024<br><br>R4 2024 |
| 3. Grúpa Oibre a chur ar bun chun cinneadh a dhéanamh ar shuíomh na seirbhíse náisiúnta nua CAL agus ullmhú d'oscailt na hoifige CAL. | **RLCMLO**<br>RDC<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>RCPA<br>Tusla | R1 2023 | R2 2024 |
| 4. Taighde a dhéanamh ar an ról a d'fheadfadh a bheith ag Oifigeach Idirchaidrimh Leanaí chun cuidiú le leanaí a threorú tríd an gcóras ceartais teaghlaigh. Áireofar leis sin:<br>4.1. Taighde a dhéanamh ar an gcaoi a mbaintear úsáid as Oifigigh Idirchaidrimh Leanaí (OIL) i ndlínsí eile, chun deiseanna féideartha a aithint ina bhféadfadh OIL cuidiú le leanaí agus a dteaghlach sa chóras reatha agus an toradh a thuairisciú.<br>4.2. Má mheastar a bheith cuí:<br>▸ Riachtanais a fhorbairt don ról a bheadh ag OILanna ionchasacha<br>▸ Tionscadal píolótach nó taispeántais a chur i bhfeidhm ar OIL<br>4.3. Measúnú a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail phíolótaigh, do leanaí, teaghlaigh, gairmithe agus an córas. | **RDC**<br>RLCMLO<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>Na Breithiúna | R2 2023<br><br>R3 2024<br><br>R2 2025 | R2 2024<br><br>R1 2025<br><br>R3 2025 |
| 5. Dul i dteagmháil leis an gComhairle Bhreithiúnach agus comhlachtaí gairmiúla chun oiliúint chomhchoiteann agus chaighdeánaithe atá dírithe ar leanaí a chur ar fáil do gach gairmí atá ag obair laistigh den earnáil ceartais teaghlaigh i.e. pacáiste oiliúna lena n-áireofaí oiliúint maidir le cumarsáid a dhéanamh le leanaí, oiliúint íogaireachta leanaí etc. | **RDC**<br>An Chomhairle Bhreithiúnach<br>URSD<br>RLCMLO<br>Tusla<br>Comhairle Bharra na hÉireann<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>COSE | R3 2023 | R1 2025 |
| 6. Prótacail agus treoir a fhorbairt chun cuidiú le breithiúna nuair atá siad ag labhairt le leanaí nó ag cur agallaimh orthu i gcásanna dlí teaghlaigh. | **An Chomhairle Bhreithiúnach**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>RLCMLO/Tusla | R1 2023 | R1 2023 |
| 7. Torthaí ón taighde agus ón gcomhairliúchán maidir le coimhthiú tuismitheora a bhreithniú agus moltaí cuí a fhorbairt. | **RDC**<br>RLCMLO<br>Tusla | R1 2023 | R2 2023 |
| 8. An ról atá ag tuarascálacha ó shaineolaithe sa phróiseas dlí teaghlaigh a iniúchadh, lena n-áirítear:<br>▸ iad a choimisiúnú agus iad a bheith ar fáil;<br>▸ an t-ábhar atá iontu agus an úsáid a bhaintear astu,<br>agus moltaí a thabhairt maidir leis an úsáid agus feidhm a bhainfear astu amach anseo. | **RDC**<br>RLCMLO<br>Na Breithiúna | R1 2023 | R4 2023 |
| 9. Forfheidhmiú orduithe cothabhála linbh a athbhreithniú:<br>9.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar orduithe cothabhála linbh a fhorfheidhmiú.<br>9.2. Más gá, moltaí i ndáil le hathchóiriú a aithint. | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna | <br>R1 2023<br><br>R2 2023 | <br>R2 2023<br><br>R3 2023 |

# Sprioc 2

## Seirbhísí & Tacaíochtaí

**Eispéiris daoine atá rannpháirteach sa chóras ceartais teaghlaigh a fheabhsú trí sheirbhísí comharthaíochta agus tacaíochtaí níos fearr, agus easnaimh i soláthar seirbhísí agus riachtanais reatha a aithint chun samhail níos fearr a fhorbairt le haghaidh soláthar seirbhísí amach anseo.**

Tá seirbhísí tacaíochta in ndlúthchuid d'aon chlaochlú ceart sa chóras ceartais teaghlaigh agus tá ról bunriachtanach acu chun cur ar chumas teaghlaigh a gcuid fadhbanna a réiteach, gan dul ar iontaoibh na gcúirteanna go síoraí i gcásanna áirithe. Sna torthaí ó chomhairliúcháin, tugadh an mhian i leith soláthar cuimsitheach seirbhísí agus tacaíochtaí faoi deara ina gclúdaítear raon réimsí éagsúla, nach réimsí breithiúnacha nó dlíthiúla iad go traidisiúnta. Tá líon réimsí i gceist ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh laistigh de struchtúir reatha chun eispéiris leanaí agus teaghlaigh a fheabhsú laistigh den chóras ceartais teaghlaigh le linn shaolré na straitéise seo. Gné ríthábhachtach den obair seo is ea teaghlaigh agus gairmithe a chur ar an eolas faoin réimse seirbhísí a d'fhéadfadh fáil a bheith ag a gcliaint orthu le linn dóibh páirt a ghlacadh sa chóras ceartais teaghlaigh. Trí riachtanais nó easnaimh i seirbhísí agus tacaíochta a aithint, cuideofar le bonn eolais a chur faoi shamhail seachadta 'idéalach' a fhorbairt do sheirbhísí agus tacaíochtaí a mbeidh fáil ag gach duine sa chóras ceartais teaghlaigh orthu amach anseo.

I gcás go leor daoine, bíonn na costais a bhaineann le fáil a bheith ar cheartas teaghlaigh ina mbacainn. Cuidíonn an scéim um Chúnamh Dlí Sibhialta le daoine atá ar ioncaim theoranta le go mbeadh fáil acu ar chomhairle agus ionadaíocht dhlíthiúil. Bíonn an chuid is mó de dhaoine a lorgaíonn cúnamh dlí á lorg i ndáil le ceist dlí teaghlaigh. Is dócha go mbeidh moltaí atá ábhartha don réimse seo san athbhreithniú i ndáil leis an Dlí Sibhialta – atá le cur i gcrích le linn chéim cur chun feidhme na straitéise seo – agus tabharfar iad sin ar aghaidh mar chuid den phróiseas cur chun feidhme.

*Ní mór go mbeadh fáil ag réimse éagsúil teaghlach in Éirinn na linne seo ar na seirbhísí ar fad, lena n-áirítear teaghlaigh nach é Béarla an chéad teanga acu; nó i gcás ina bhfuil míchumais i gceist a bhféadfadh tacaíochtaí breise a bheith ag teastáil ina leith; nó i gcás teaghlaigh a bhfuil sé deacair teacht chomh fada leo nó atá mímhuiníneach as an stát".*

(Teaghlach Amháin)

| 2. Seirbhísí & Tacaíochtaí | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha** | **Dáta Tosaithe** | **Dáta Seachadta** |
| 1. Comharthaíocht reatha a fheabhsú do thacaíochtaí tríú páirtí ar nós seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh agus tuismitheoirí, seirbhísí meabhairshláinte etc. Áirítear leis sin:<br>1.1 Dul i dteagmháil le maoinitheoirí Stáit agus coimisinéirí seirbhísí chun faisnéis a chur i dtoll a chéile maidir leis na seirbhísí atá ar fáil ar bhonn réigiúnach.<br>1.2 Eolaire seirbhísí a chruthú.<br>1.3 Bealaí a fhorbairt chun faisnéis a roinnt agus feasacht maidir le seirbhísí a chur chun cinn i measc na ndaoine ar fad a ghlacann páirt sa chóras ceartais teaghlaigh. | **RLCMLO**<br>**Tusla**<br>**RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>Coistí um Sheirbhís do Leanaí agus Daoine Óga<br>Seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh<br>Údaráis Áitiúla<br>FSS | R2 2023<br><br>R1 2024<br>R3 2024 | R1 2024<br><br>R2 2024<br>R4 2024 |

| 2. Seirbhísí & Tacaíochtaí | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha | Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha | Dáta Tosaithe | Dáta Seachadta |
| 2. I gcomhréir leis an obair maidir le Bille na gCúirteanna Teaghlaigh:<br>a. Samhail seachadta seirbhíse 'idéalach' a leagan amach do na cúirteanna teaghlaigh, a bhfuil Bille na gCúirteanna Teaghlaigh mar bhonn eolais faoi, ina gcuirtear an t-úsáideoir sa chroílár agus ina dtacaítear le cur chuige Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha nuair is cuí<br>b. An tsamhail seachadta seirbhíse thuas a chur i bhfeidhm | **An tSeirbhís Cúirteanna** | Tosaithe<br><br>R3 2022 | R3 2022<br><br>Cur i bhfeidhm céimnithe |
| 3. Iniúchadh a dhéanamh ar chúnamh dlí sibhialta a sholáthar i gcásanna dlí teaghlaigh, go háirithe:<br>a. An fhreagrúlacht agus solúbthacht atá ann chun riachtanais na ndaoine a bhfuil sé beartaithe freastal orthu a chomhlíonadh;<br>b. An caidreamh idir cúnamh dlí sibhialta agus idirghabháil teaghlaigh;<br>c. An caidreamh idir an scéim um chúnamh dlíthiúil agus cineálacha eile tacaíochta do dhlíthithe sa dlí poiblí agus príobháideach. | **RDC**<br>An Grúpa Athbhreithnithe um Chúnamh Dlí Sibhialta<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | Tosaithe | R2 2023 |
| 4. Torthaí ó thaighde a choimisiúnaigh an Roinn Dlí agus Cirt a chur san áireamh, ina ndéantar iniúchadh ar an gcomhéadan agus idirghníomhú idir an dlí teaghlaigh sibhialta, an dlí coiriúil poiblí agus na córais ceartais cosanta leanaí, agus tograí a fhorbairt don chóras ceartais teaghlaigh de réir mar is gá. | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna | R3 2023 | R1 2024 |

# Sprioc 3

## Faisnéis & Feasacht

**Rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú le go mbeadh a fhios ag daoine, leanaí agus teaghlaigh atá ag déanamh a mbealach tríd an gcóras ceartais teaghlaigh an áit le dul chun faisnéis a fháil nuair a theastódh sí uathu, agus go dtuigfeadh siad í. Éascaíocht a dhéanamh ar ghairmithe, baill foirne agus gníomhaireachtaí laistigh den chóras ceartais teaghlaigh oibriú lena chéile le go mbeadh eolas níos fearr acu ar a chéile agus ar a ról sa chóras.**

Chuir breis agus leath de fhreagróirí an chomhairliúcháin phoiblí in iúl nach raibh an fhaisnéis acu a shíl siad a raibh ag teastáil uathu chun cuidiú leo a gcuid fadhbanna a réiteach. Dúirt páirtithe leasmhara go bhfuil easpa feasachta i measc gairmithe sa chóras faoin méid a dhéanann gairmithe eile agus faoi na seirbhísí atá ar fáil ina gceantar a chuireann tacaíocht ar fáil do theaghlaigh.

> *Dúirt 56% de fhreagróirí nach bhfuair siad an fhaisnéis a bhí ag teastáil uathu chun cuidiú leo an fhadhb a bhí rompu a réiteach. Ar na daoine a fuair, ba é an fhoinse faisnéise ba choitianta ná faisnéis ó ghairmí dlí nó eagraíocht tacaíochta – "m'aturnae agus Cúnamh do Mhná agus cairde a raibh taithí acu ar na cúirteanna."*
>
> (Céim 2 – Tuarascáil Chomhairliúcháin Phoiblí)

> *"Bhí sé uafásach deacair faisnéis shoiléir, chruinn agus thráthúil a fháil maidir leis an nós imeachta cúirte & na doiciméid a bhí ag teastáil. Bhí sé an-deacair freagra a fháil ar ghlao gutháin, ba ar éigean a d'éirigh le ríomhphost mar gheall go raibh teagmhálacha agam sna cúirteanna agus fiú ansin, bhí na freagraí an-mhall."*
>
> (Duine den Phobal)

Ní mór go mbeadh faisnéis maidir leis an gcóras ceartais teaghlaigh inrochtana agus sothuigthe ag gach duine, lena n-áirítear daoine nach bhfuil eolach ar chúrsaí digiteacha nó daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu. Cuirfear é seo i gcrích trí dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, úsáideoirí agus teaghlaigh d'fhonn a gcuid riachtanas a aithint agus measúnú a dhéanamh ar na bealaí is fearr lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis cheart ar fáil ag an am ceart. Tá comhsheasmhacht cumarsáide leis an bpobal riachtanach ionas gur féidir leo tuiscint a fháil ar an mbealach ina bhfeidhmíonn an córas ceartais teaghlaigh.

| 3. Faisnéis & Feasacht | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha** | **Dáta Tosaithe** | **Dáta Seachadta** |
| 1. Tús a chur le tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar faisnéise maidir le gach próiseas agus seirbhís laistigh den chóras ceartais teaghlaigh, d'fhonn:<br>a. An fhaisnéis atá ag teastáil, an tráth a bhfuil sí ag teastáil, agus na daoine a bhfuil sí ag teastáil uathu a aithint.<br>b. Riachtanais úsáideoirí a aithint maidir le faisnéis a fháil, a thuiscint agus a úsáid (e.g. teanga, cultúr, inrochtaineacht).<br>c. Plean gnímh a fhorbairt bunaithe ar thoradh an athbhreithnithe thuas lena n-áirítear struchtúir agus meicníochtaí chun tacú le daoine a ghlacann páirt sa chóras ceartais teaghlaigh. | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>RLCMLO<br>Tusla<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | R4 2023<br><br>R1 2025 | R4 2024<br><br>R4 2025 |
| 2. Tacú le faisnéis agus seirbhísí atá soiléir agus seasmhach a chur ar fáil ar líne ar fud na seirbhísí cúirte dlí teaghlaigh ar fad, lena n-áirítear treoracha chuig seirbhísí tacaíochta ábhartha. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>RDC<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>RLCMLO<br>Tusla<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann | Tosaithe | R4 2023 |
| 3. Grúpa cumarsáide ilréimsiúil rialta a chur ar bun chun:<br>a. Cumarsáid leanúnach a dhéanamh leis an bpobal agus páirtithe leasmhara maidir le ceartas teaghlaigh, agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcumarsáid sin.<br>b. Seoladh teachtaireachtaí comhroinnte maidir le feachtais phoiblí a dhíríonn ar réimsí ar leith a bhaineann le ceartas teaghlaigh a chomhordú.<br>c. A chinntiú go bhfuil teacht ag seirbhísí faisnéise poiblí ar nós an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar an bhfaisnéis agus comhairle is déanaí maidir le saincheisteanna ceartais teaghlaigh agus tacaíochtaí áitiúla. | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>RLCMLO | R4 2023 | R1 2024 |

# Sprioc 4

## Réiteach Díospóide Malartach

**Bealaí atá níos comhoibrithí agus nach bhfuil chomh naimhdeach céanna a chur chun cinn do dhaoine, leanaí agus teaghlaigh chun iarracht a dhéanamh díospóidí a réiteach, trí fhaisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil chun tacú le daoine na cinntí is fearr a dhéanamh dá gcúinsí féin agus chun cuidiú le cleachtóirí dlí agus RDM an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil dá gcliaint.**

Téama barrthábhachtach den chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus den chomhairliúchán poiblí freisin ab ea iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le teaghlaigh a gcuid fadhbanna a réiteach. Cé gur dócha nach mbeadh réiteach díospóide malartach (RDM) oiriúnach i ngach cás, is minic go mbíonn sé ina chúis le torthaí níos fearr agus níos inbhuanaithe. Ba é an t-aiseolas a fuarthas ón gcomhairliúchán poiblí nár baineadh dóthain úsáide as idirghabháil; mar sin féin, bhí na daoine a bhain úsáid as RDM sásta leis an toradh tríd is tríd.

*Ba chóir páirtithe a atreorú chuig idirghabháil, má mheastar fíricí a gcáis a bheith oiriúnach. Mar sin féin, murar dócha gur féidir réiteach a bhaint amach trí idirghabháil, níor chóir moill a chur ar na páirtithe trí iallach a chur orthu páirt a ghlacadh sa phróiseas ach ba chóir cead a thabhairt dóibh leanúint ar aghaidh chuig éisteacht chúirte."*

**(An Dr Connie Healy)**

*Ba cheart an méid a leanas a áireamh leis na príomhaidhmeanna; idirghabháil ag céim luath chun cuidiú leis an teaghlach le hidirghabháil agus le tacaíochtaí eile chomh luath agus is féidir. Ba chóir díriú ar theaghlaigh a choinneáil amach as an gcúirt, agus ba chóir go dtacódh Breithiúna le hidirghabháil freisin, mar ghnás, ba chóir daoine a spreagadh chun teacht ar shocrú as a stuaim féin agus cúnamh á fháil ó idirghabháil. Ba chóir do ghairmithe dlí idirghabháil a chur chun cinn mar an chéad chéim agus a bheith réalaíoch faoi na costais a bhaineann le dul chun dlí."*

**(Duine den Phobal)**

Aidhm lárnach den straitéis seo is ea cur chun cinn na mbealaí is oiriúnaí chun cuidiú le teaghlaigh a gcuid fadhbanna a réiteach, lena n-áirítear níos mó úsáide a bhaint as roghanna neamhchúirte. In go leor cásanna, bíonn sé d'acmhainn ag RDM am agus acmhainní a shábháil toisc go bhféadfaí ceisteanna a réiteach ar bhealach níos sciobtha ná sa chúirt. D'fhéadfadh RDM coimhlint a laghdú agus torthaí níos inbhuanaithe a chur ar fáil do theaghlaigh tríd an ngné sháraíochta a bhaineann le himeachtaí dlí teaghlaigh a mhaolú. Fiú nuair atá cás sa chúirt, moltar go bhféadfaí RDM a úsáid mar bhealach chun ceisteanna eile a chomhaontú nach mbeadh cinneadh cúirte ag teastáil ina leith e.g. cuairteanna teaghlaigh agus comhaontuithe rochtana, agus ba chóir go mbeadh breithiúna nó oifigigh cúirte eile in ann cásanna a atreorú chuig RDM, ag céim ar bith le linn próisis chúirte.

D'fhonn na roghanna réitigh is oiriúnaí a chur ar fáil do theaghlaigh, ar mhodh tráthúil, ní mór acmhainní cuí a chur ar fáil i leith na roghanna seo. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí gairmithe a chuireann seirbhísí réitigh ar fáil a rialú agus a chaighdeánú. Tá sé ríthábhachtach freisin go dtabharfaí an t-ualú céanna do chomhaontuithe RDM nuair atáthar ag déileáil le seirbhísí poiblí. I dtéarmaí praiticiúla, chiallódh sé sin go nglacfadh comhlacht poiblí le comhaontú RDM i gcásanna áirithe ina n-iarrtar cinneadh ó chúirt de ghnáth.

| 4. Réiteach Díospóide Malartach | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha | Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha | Dáta Tosaithe | Dáta Seachadta |
| 1. Feasacht a mhéadú agus próisis um réiteach díospóide malartach a chur chun cinn i measc gairmithe, teaghlaigh agus úsáideoirí seirbhísí trí:<br>1.1. Easnaimh faisnéise a aithint agus modúil faisnéise a fhorbairt chun na heasnaimh sin a líonadh, ag tacú le cur chuige Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha;<br>1.2. Na modúil seo a chomhcheangal le hardáin faisnéise reatha nó ardáin atá á bhforbairt e.g. láithreán gréasáin na seirbhíse cúirteanna, agus na modúil seo a neadú mar thairseacha chun cuidiú le húsáideoirí cinntí eolacha a dhéanamh maidir leis na próisis is fearr a fhreastalaíonn orthu maidir lena bhfadhb a réiteach.<br>1.3. Oibriú i gcomhar lena chéile chun éifeachtacht agus cur chuige a thomhas agus an toradh a thuairisciú. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>RDC<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann<br>Cleachtóirí IIE/RDM<br>An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | R4 2022<br>R4 2023<br>R2 2025 | R3 2023<br>R4 2024<br>Leanúnach |
| 2. Cuir chuige difriúla i ndáil le feasacht agus rannpháirtíocht in idirghabháil agus cineálacha eile RDM a mhéadú a fhorbairt agus a thriail agus na torthaí a mheas. | **An Bord um Chúnamh Dlíthiúil**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>RDC | R1 2023 | R4 2023 |
| 3. Cinnte a dhéanamh de go dtacóidh na próisis cúirte iomchuí ar fad le feasacht ar RDM agus go gcuirfear deiseanna ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí teacht a bheith acu ar RDM ag tráthanna éagsúla. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>Cláraitheoirí Contae<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann Na Breithiúna | R4 2022 | Leanúnach |
| 4. Acmhainn a fhorbairt sa chóras ceartais teaghlaigh lena chinntiú go mbeidh a ndóthain daoine aonair ar fáil a bhfuil oiliúint chuí orthu agus taithí chuí acu ionas gur féidir leo ceisteanna a réiteach trí RDM. | **RDC**<br>Cláraitheoirí Contae<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann | R2 2023 | Leanúnach |

| 4. Réiteach Díospóide Malartach | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha | Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha | Dáta Tosaithe | Dáta Seachadta |
| 5. Na huirlisí agus teicnící a aithint a chuideoidh le daoine atá ag obair laistigh den chóras ceartais teaghlaigh chun foréigean baile agus drochíde, rialú comhéigneach, díospóidí ardchoimhlinte agus rioscaí i leith cosaint leanaí a aithint **roimh** thabhairt faoi RDM agus iad a scaipeadh go forleathan. | **An Bord um Chúnamh Dlíthiúil**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>RDC<br>RLCMLO<br>Tusla<br>An Garda Síochána-BNCS<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann<br>ENRanna | R1 2023 | R4 2023 |
| 6. Tacaíochtaí oiliúna a chur ar fáil do chleachtóirí dlí chun treoir a thabhairt dá gcliaint tríd an bpróiseas réitigh is oiriúnaí. Díreofar an oiliúint ar réitigh neamhchúirte nuair is cuí. | **An Bord um Chúnamh Dlíthiúil**<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann<br>Na Breithiúna<br>RDC | R1 2023 | R4 2023 |
| 7. Oibriú le hidirghabhálaithe agus cleachtóirí réitigh eile chun caighdeáin agus oiliúint chomhchoiteann a chur ar bun do sholáthraithe seirbhísí RDM. | **An Bord um Chúnamh Dlíthiúil**<br>CORU<br>RLCMLO | R2 2023 | R2 2024 |
| 8. Deiseanna a aithint chun RDM a úsáid chun saincheisteanna tánaisteacha a réiteach i gcásanna cúraim leanaí poiblí e.g. pleananna cúraim, rochtain saoire agus caidreamh níos dearfaí idir na páirtithe ar fad a fhorbairt in imeachtaí cúraim leanaí. | **DCEDIY**<br>RDC<br>Tusla<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann | R1 2023 | R3 2023 |
| 9. Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht go nglacfadh an Stát le socruithe RDM a leathnú chun cur ar chumas teaghlach leas a bhaint as seirbhísí poiblí (e.g. socruithe RDM a úsáid in ionad socruithe cúirte i ndáil le cothabháil, tithíocht etc.)<br>9.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais ar fud comhlachtaí rialtais agus comhlachtaí earnála poiblí a bhfuil comhaontuithe/doiciméid dlíthiúla ag teastáil uathu le go mbeadh teacht ag teaghlaigh ar sheirbhísí poiblí.<br>9.2. Dul i dteagmháil leis an earnáil phoiblí chun beartais a athrú agus glacadh le socruithe/comhaontuithe RDM. | **RDC**<br>Ranna Rialtais Ábhartha | <br>R4 2023<br>R2 2024 | <br>R2 2024<br>R2 2025 |
| 10. Scéim Phíolótach Idirghabhála Teaghlaigh do Chleachtóirí Príobháideacha a chur ar bun chun tacú leis an soláthar idirghabhála teaghlaigh reatha ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil agus athbhreithniú a dhéanamh air i ndiaidh bliana i mbun feidhme. | **RDC**<br>**An Bord um Chúnamh Dlíthiúil** | R4 2022 | R1 2024 |

# Sprioc 5

## Forbairt Daoine

**An fórsa oibre ceartais teaghlaigh a fhorbairt, a oiliúint agus a uasoiliúint le bheith ina fhórsa oibre atá trámathreoraithe, báúil agus freagrúil i leith riachtanais úsáideoirí ar fad an chórais ceartais choiriúil, leanaí agus marthanóirí FBGI san áireamh, le linn seirbhís ghairmiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'úsáideoirí an chórais ceartais choiriúil.**

Ní mór dea-oiliúint a bheith ar ghairmithe a oibríonn laistigh de cheartas teaghlaigh, go mbeadh siad eolach ar na róil atá ag daoine eile sa chóras agus go dtabharfaí tacaíocht dóibh ina bhforbairt. Braitheann páirtithe leasmhara agus úsáideoirí seirbhísí nach bhfuil baill foirne sa chóras oilte go leordhóthanach nó nach bhfuil siad dea-oilte. Mar shampla, nuair a fiafraíodh de 27.5% de fhreagróirí an phróisis chomhairliúcháin faoi na nithe a athróidís faoin gcóras, luaigh siad nach raibh baill foirne dlí oilte go maith. Dúirt páirtithe leasmhara agus soláthraithe seirbhísí nach bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoi na róil dhifriúla a chuireann a gcomhghleacaithe i ndisciplíní eile i gcrích agus faoi na seirbhísí éagsúla atá ar fáil chun cuidiú lena gcliaint. Go háirithe, d'fhéadfadh béim a leagan ar oiliúint thrámathreoraithe agus oiliúint íogaireachta leanaí chun bheith ina cúis le seirbhísí níos comhbháiche, a bhfuil sé mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar riachtanais teaghlach agus leanaí chun a gcuid fadhbanna a réiteach go tapa agus ar bhealach nach bhfuil an tsáraíocht chéanna ag baint leis.

> *Gan bheith neamh-mhothálach le linn ceisteanna a chur'*
> **(Rannpháirtí i gComhairliúchán le Leanaí)**

> *Déileálann cúirteanna teaghlaigh le díospóidí atá an-íogair agus pianmhar a bhfuil réimse leathan scileanna áirithe agus uathúla agus teastáil ina leith nach mór iad a fhorbairt. I dtíortha áirithe, i gCeanada go háirithe, tá oibleagáid ar Bhreithiúna tabhairt faoi oiliúint ghairmiúil leanúnach ar bhonn bliantúil. Chuirfí fáilte roimh ceanglais den chineál céanna anseo."*
> **(EPIC)**

Ba chóir leibhéal eolais caighdeánaithe a bheith ag baill foirne ar fud an chórais agus ba chóir dóibh ardchaighdeán seirbhíse den scoth a chur ar fáil i gcónaí laistigh dá ndisciplín. Beidh sé tábhachtach uasoiliúint agus oiliúint a chur ar bhaill foirne i réimsí barrthábhachtacha – i gcleachtas trámathreoraithe, idirghabháil luath agus réiteach. Trí ghairmithe ó chúlraí difriúla a thabhairt le chéile ar bhonn rialta trí líonraí foirne, comhdhálacha agus oiliúint idirdhisciplíneach, beidh feasacht níos fearr, mar aon le cur chuige níos comhoibríche ann dá thoradh chun dul i ngleic le fadhbanna nó saincheisteanna comhchoiteanna. Tá gá le hiniúchadh a dhéanamh ar na hacmhainní atá á gcur ar fáil do réimsí seirbhísí ríthábhachtacha faoi láthair agus cumas a mhéadú sna háiteanna is mó a bhfuil sé ag teastáil, lena chinntiú go mbeidh dóthain tacaíochta ag na daoine a oibríonn laistigh den chóras ceartais teaghlaigh agus go gcuirfear acmhainní cuí ar fáil don chóras. Beidh rannpháirtíocht leis an gComhairle Bhreithiúnach ag teastáil chun iniúchadh a dhéanamh ar roghanna breise i ndáil le hoiliúint bhreithiúnach.

| 5. Forbairt Daoine | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha** | **Dáta Tosaithe** | **Dáta Seachadta** |
| 1. Grúpa Oibre a chur ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais oiliúna reatha atá ag daoine a oibríonn i gceartas teaghlaigh: | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>RLCMLO<br>An Chomhairle Bhreithiúnach<br>URSD<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann<br>IIE<br>Tusla | | |
| 1.1. Taighde a dhéanamh ar na caighdeáin íosta agus oiliúint mholta atá ag teastáil i leith gairmeacha a fheidhmíonn laistigh de réimse an cheartais teaghlaigh. | | R3 2023 | R3 2024 |
| 1.2. Deiseanna i leith forbairt ghairmiúil a aithint chun dul i ngleic le heasnaimh a aithníodh atá ábhartha do ghairm/ábhartha do gach duine nuair is cuí. | | R4 2024 | R1 2025 |
| 1.3. Dul i dteagmháil le comhlachtaí agus cumainn oideachais agus ghairmiúla chun oiliúint a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na ngairmeacha i réimsí lárnacha den dlí teaghlaigh e.g. cur chuige leanbhlárnach, réiteach díospóide, cleachtas trámathreoraithe. | | R2 2025 | Leanúnach |
| 2. Forbairt an fhórsa oibre ceartais teaghlaigh a iniúchadh trí athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar an leithdháileadh acmhainní ar chomhlachtaí Stáit agus Ranna Rialtais, ag tacú le riachtanais seirbhíse agus ag gníomhú ina leith de réir mar is cuí agus mar is féidir. | **RDC**<br>RCPA | Leanúnach | Leanúnach |
| 3. Líonraí foirmiúla a bhunú agus moil foghlama ar líne a fhorbairt chun foghlaim chomhoibríoch agus feasacht idirdhisciplíneach a fhorbairt ar fud na ngairmeacha agus seirbhísí atá laistigh den chóras. Bainfear é seo amach ar dtús trí chomhdhálacha ildisciplíneacha a eagrú agus trí fheachtais feasachta freisin. | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>RLCMLO<br>An Chomhairle Bhreithiúnach<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann<br>IIE<br>Tusla<br>ENRanna | R1 2024 | Leanúnach |
| 4. Tacú le hobair leanúnach na Comhairle Breithiúnaí chun deiseanna oiliúna atá dírithe ar an gceartas teaghlaigh a chur ar fáil do na breithiúna ar fad agus sraith riachtanas oiliúna do bhreithiúna Cúirte Teaghlaigh a aithint. | **RDC**<br>An Chomhairle Bhreithiúnach<br>Tusla | R4 2023 | Leanúnach |

# Sprioc 6

# Bainistiú Sonraí agus Faisnéise

**Bealaí níos fearr a fhorbairt chun faisnéis a bhainistiú, a bhailiú agus a roinnt sa chóras ceartais teaghlaigh, príobháideacht agus dínit úsáideoirí a chaomhnú ach bainistiú cáis, tuairisciú staitistiúil agus cinnteoireacht fianaisebhunaithe níos fearr a chumasú.**

Tá sé tábhachtach go mbeadh sonraí cruinne agus ábhartha ar fáil d'úsáideoirí an chóras ceartais teaghlaigh nuair a bheadh siad de dhíth orthu – teastaíonn faisnéis dhifriúil ó úsáideoirí difriúla ag céimeanna difriúla de phróiseas ceartais teaghlaigh. Níl an réimse agus cineál sonraí atá ag teastáil inrochtana ná ar fáil go héasca faoi láthair.

*Ba chóir réitigh TF a fhorbairt chun sonraí staitistiúla agus anaithnidithe a bhailiú maidir le forleithne cásanna caomhnóireachta agus rochtana atá sa Chúirt Dlí Teaghlaigh ina bhfuil líomhaintí i ndáil le foréigean baile/drochúsáid leanaí agus maidir leis na torthaí atá ar chásanna dá leithéid."*

(Cúnamh do Mhná)

D'fhonn córas ceartais teaghlaigh a bheith ann atá eolach, freagrúil agus trédhearcach, ní mór na hathruithe riachtanacha atá ag teastáil le haghaidh córais bailithe sonraí agus tuairisciú cúirte níos fearr a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Le linn na straitéise seo, spreagfar an t-aistriú chuig bainistiú digiteach faisnéise atá slán, sábháilte agus éasca bealach a dhéanamh tríd leis na gníomhartha atá leagtha amach faoin sprioc seo. Déanfar iniúchadh ar an riail 'i gcúirt iata' agus ar na hathruithe riachtanacha a aithníodh d'fhonn córas a chur ar fáil ina bhfuil teacht ag daoine ar chinntí agus ar bhreithiúnais chúirte atá de dhíth orthu, agus príobháideacht na ndaoine atá páirteach in imeachtaí cúirte teaghlaigh a chosaint ag an am céanna. Trí thabhairt faoi na gníomhartha a leagtar amach thíos, cuirfear feabhas ar thrédhearcacht fhoriomlán sa chóras. Trí bhainistiú sonraí níos fearr, tacófar le cumarsáid níos fearr idir eagraíochtaí agus ranna a bhfuil baint acu le héisteachtaí dlí teaghlaigh nó le próisis réitigh eile chun athobair a laghdú, athrá a laghdú agus cultúr comhroinnte faisnéise agus comhoibrithe a chur chun cinn.

| 6. Bainistiú Sonraí agus Faisnéise | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha** | **Dáta Tosaithe** | **Dáta Seachadta** |
| 1. Grúpa Oibre a bhunú chun comhroinnt sonraí, bailiú sonraí agus caighdeán sonraí a fheabhsú ar fud na hearnála ceartais teaghlaigh: | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>RLCMLO<br>POS<br>Tusla<br>An Garda Síochána<br>OPOFR | R1 2023 | R2 2025 |
| 1.1. Tuairisciú staitistiúil foirmiúil a chur ar bun, don chomhlacht forfheidhmithe ceartais teaghlaigh ar dtús, chun léargas ginearálta a chur ar fáil ar fheidhmíocht reatha agus chun monatóireacht agus measúnú níos fearr a dhéanamh. | | R1 2023 | R2 2023 |
| 1.2. Réimsí míthuisceana nó constaicí a aithint maidir le sonraí a bhailiú, a phróiseáil nó a chomhroinnt idir comhlachtaí ceartais teaghlaigh agus moltaí a thabhairt chun próisis agus córais a fheabhsú agus reachtaíocht a leasú nó a fhorbairt chun comhroinnt a chumasú, éifeachtúlacht a fheabhsú agus athobair a laghdú. | | R1 2023 | R2 2024 |

| 6. Bainistiú Sonraí agus Faisnéise | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha** | **Dáta Tosaithe** | **Dáta Seachadta** |
| 1.3. Scrúdú a dhéanamh ar riachtanais do mhodhanna bailithe sonraí nua nó feabhsaithe ar fud na hearnála agus moltaí a thabhairt ag breathnú ar an méid seo a leanas ar dtús:<br>• sainmhíniú a thabhairt ar na cineálacha sonraí ba chóir a bhailiú agus ar an gcuspóir atá leis;<br>• mar is féidir na sonraí seo a bhailiú, a chur i dtoll a chéile agus a thuairisciú ar bhealach níos éasca;<br>• an fhéidearthacht i ndáil le haitheantóir aonair a úsáid i gcásanna ceartais teaghlaigh;<br>• na forálacha reachtacha atá ag teastáil chun buntacú le feidhmiú córais dá leithéid;<br>• deiseanna a aithint chun nascadh le córais eile (e.g. córais ceartais choiriúla). | | R2 2024 | R2 2025 |
| 2. Taighde a choimisiúnú chun iniúchadh a dhéanamh ar an riail 'i gcúirt iata', lena n-áirítear:<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú reatha na rialach.<br>• Anailís a dhéanamh ar na fadhbanna atá le heisceachtaí reachtúla reatha lena gceadaítear taighde agus tuairisciú a dhéanamh ar chásanna agus aon athruithe reachtacha a mholadh. | **RDC**<br>RLCMLO<br>An tSeirbhís Cúirteanna | R1 2023 | R1 2024 |
| 3. Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht i ndáil le córas tuairiscithe cáis dlí teaghlaigh a chur ar bun, lena n-áireofaí:<br>• Tionscadal a thástáil chun anailís a dhéanamh ar thorthaí, breithiúnais agus cinntí ó chásanna chun achoimrí i dteanga shimplí ar chineálacha cásanna éagsúla a chruthú.<br>• treoirlíne a chruthú maidir le tuairisciú poiblí, rialta, seanbhunaithe a dhéanamh ar thorthaí, cinntí agus breithiúnais ar chásanna sa dlí teaghlaigh mar chuid den ghnáthchleachtas ar fud na ndlínsí cúirte ar fad. | **RDC**<br>RLCMLO<br>An tSeirbhís Cúirteanna | R4 2023 | R4 2025 |
| 4. An tuarascáil ó Choimisiún na Meán maidir le díspeagadh cúirte mar shaincheist a bhreithniú, agus ón eolas uaidh seo, moltaí a thabhairt chun críche i ndáil le díspeagadh a thagann chun cinn mar gheall ar rialuithe i leith na meáin shóisialta a shárú. | **RDC** | R2 2023 | R3 2023 |

## Sprioc 7

# Digitiú

**Agus forbairt á déanamh ar dhul chun cinn a rinneadh roimhe seo chun an cur chuige Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha a ghlacadh, úsáid bhreise réiteach digiteach a chur chun cinn do theaghlaigh le go mbeadh fáil acu ar ghairmithe dlí d'fhonn bheith in ann páirt a ghlacadh sa chóras ceartais teaghlaigh.**

D'éirigh go maith le rochtain ar chúirteanna trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht ionas go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le himeachtaí dlí teaghlaigh práinneacha agus bunriachtanacha. Áirítear le Clár Nuachóirithe na Seirbhíse Cúirteanna béim a leagan ar chórais níos digití agus atá dírithe níos mó ar úsáideoirí. Bhí dea-thionchar ag úsáid na teicneolaíochta i gcásanna áirithe, ar nós cásanna a bhaineann le foréigean baile, ar trí rannpháirtíocht ó chian is féidir páirtithe a choimeád óna chéile agus an baol ar imeaglú a laghdú.

*Fáiltíonn an Cumann (Dlí) roimh an bhfís go gcuirfí úsáid bhunúsach agus chuimsitheach na teicneolaíochta san áireamh sa chóras cúirte nua, i dtaca le héisteachtaí de chineál riaracháin ach i ndáil leis an gcaoi a bhfeidhmíonn na hoifigí cúirte teaghlaigh nua freisin, agus socrú ar leith á dhéanamh i ndáil le doiciméid áirithe a chomhlánú go leictreonach."*

**(Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann)**

*Bhí sé ina chuidiú mór againn dáta cúirte dúiche ar líne a bheith againn le Teach an Charnáin. Ní raibh sé chomh scáfar a bheith ar líne le hais é a bheith orainn dul chuig teach cúirte'*

**(Duine den Phobal)**

Ní mór leanúint den soláthar seirbhísí digiteacha atá faoi bhealach cheana féin le go mbeadh baill foirne cúirteanna in ann a gcuid oibre agus ama a bhainistiú níos fearr, agus chun cur ar chumas gairmithe dlí agus an phobail iarratais bhunúsacha a dhéanamh agus a bheith páirteach sa chóras ceartais teaghlaigh ar líne. Trí úsáid a bhaint as cúirteanna fíorúla nuair is cuí, is féidir sábháilteacht a chur ar fáil do mharthanóirí FBGI agus costais a laghdú do dhaoine nach mór dóibh dul chun na cúirte. Beidh tábhacht ag baint le measúnú a dhéanamh ar éifeacht na bhforbairtí seo ar eispéireas úsáideoir na cúirte agus ar a éifeachtacht fhoriomlán ionas go bhféadfaí aon ní a fhoghlaimítear a chur i bhfeidhm ar chineálacha eile cásanna.

Beidh dúshlán i gceist maidir le teacht a bheith ag teaghlaigh ar leathanbhanda, go háirithe teaghlaigh atá ag maireachtáil i mbochtaineacht nó i gceantair nach bhfuil leathanbhanda maith ar fáil iontu, ach tríd is tríd, beidh an t-aistriú i dtreo córas ceartais teaghlaigh atá feabhsaithe go digiteach ina chúis le córas atá sothuigthe, dírithe ar an úsáideoir, níos comhoibríche agus ina chúis le córas nach bhfuil spleáchas ar phróisis páipéarbhunaithe agus teicneolaíocht sheanchaithe i gceist leis.

| 7. Digitiú | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha | Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha | Dáta Tosaithe | Dáta Seachadta |
| 1. Infheistíocht a dhéanamh in acmhainní TFC d'fhonn sábháilteacht sonraí agus ollstruchtúir, córais bainistithe cáis éifeachtacha, leanúnachas seirbhísí agus naisc idir páirtithe leasmhara ceartais teaghlaigh amach anseo a chinntiú. | RDC<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>RLCMLO<br>POS<br>RCPA<br>OPOFR | Leanúnach | Leanúnach |

| 7. Digitiú | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha | Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha | Dáta Tosaithe | Dáta Seachadta |
| 2. Tacaíocht a thabhairt do shamhail soláthair den scoth a fhorbairt ina ndíreofar ar dtús ar aistear dlí teaghlaigh aonair, ag tacú le cur chuige Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>RDC<br>An Coiste um Rialacha<br>RLCMLO<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>Cláraitheoirí Contae | Leanúnach | R4 2023 |
| 3. Measúnú a dhéanamh ar thionchar éisteachtaí ó chian chun éifeachtacht, luach agus feidhmíocht agus eispéireas an úsáideora a thomhas, lena n-áirítear:<br>• staidéar a chur i gcrích maidir le hinoibritheacht leis an riail 'i gcúirt iata';<br>• an bealach le hinrochtaineacht a fheabhsú do gach rannpháirtí, agus<br>• moltaí a thabhairt maidir le rochtain ó chian a leathnú agus a fheabhsú i leith na n-imeachtaí ceartais teaghlaigh ar fad, más cuí. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>RDC<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>Cláraitheoirí Contae<br>Comhairle Bharra na hÉireann<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann | R1 2023 | R4 2024 |
| 4. Tús a chur le córas digiteach ceann go ceann a chur ar bun ar bhonn píolótach le haghaidh feidhm dlí teaghlaigh aonair lena n-áirítear tairseacha ar líne d'úsáideoirí cúirte agus ar mhaithe le cásanna a bhainistiú. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>RDC<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann<br>Na Breithiúna<br>Cláraitheoirí Contae | Tosaithe | R4 2023 |
| 5. Cur chuige Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha a neadú i ndáil le Rialacha Cúirte trí rannpháirtíocht le Coiste um Rialacha na Cúirte Teaghlaigh. | Coistí Rialacha<br>**An tSeirbhís Cúirteanna** | R3 2022 | R2 2023 |
| 6. Mol faisnéise ar líne a fhorbairt agus a sheoladh chun seirbhísí dlí teaghlaigh dhigiteacha a óstáil. | An tSeirbhís Cúirteanna | Tosaithe | Leanúnach |
| 7. Deiseanna comhoibríocha idir comhpháirtithe sa chóras ceartais teaghlaigh a chur chun cinn d'fhonn:<br>• réitigh dhigiteacha i leith fadhbanna coiteanna a chur ar fáil;<br>• an acmhainn chun próisis eile a aistriú chuig córas ar líne a mheas, agus<br>• tástáil a dhéanamh ar chomhoiriúnacht le córais eile amach anseo nuair is cuí. | **RDC**<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>Cláraitheoirí Contae<br>RLCMLO<br>OPOFR<br>An Garda Síochána<br>Tusla | R1 2024 | R1 2025 |

# Sprioc 8

## Saoráidí & Bonneagar

**Saoráidí agus bonneagar a fheabhsú chun timpeallachtaí cuí, sábháilte agus príobháideacha a chur ar fáil do theaghlaigh chun iarracht a dhéanamh a gcuid fadhbanna a réiteach go héifeachtach agus do ghairmithe chun seirbhís níos éifeachtúla a sholáthar.**

I gcomhréir leis an obair ar tugadh fúithi i gClár Nuachóirithe na Seirbhíse Cúirteanna, d'fhéadfaí athchóiriú a dhéanamh i ndáil leis na saoráidí agus an bonneagar atá ag teastáil chun timpeallachtaí cuí, sábháilte agus príobháideacha a chur ar fáil do theaghlaigh chun iarracht a dhéanamh a gcuid fadhbanna a réiteach go héifeachtach. Ón aiseolas a fuarthas ó chomhairliúcháin, tugtar le fios go bhfuil géarghá le hinfheistíocht a dhéanamh chun saoráidí agus bonneagar a fheabhsú. Tá deis iontach ar fáil chun an méid a chuirtear ar fáil do theaghlaigh nuair a fhreastalaíonn siad i gcúirt a fheabhsú ar nós sliotáin ama a sceidealú ar bhealach níos fearr agus an fhéidearthacht maidir le hOifigeach Idirchaidrimh Cúirte a chur ar fáil.

Aithnítear freisin nach mór athruithe a dhéanamh ar fhoirgnimh chúirte ar fud eastát na Seirbhíse Cúirteanna d'fhonn iad a bheith níos so-úsáidte ag teaghlaigh agus leanaí. Ag croílár na sprice seo tá tionscadal Lána an Chrochaire, ar tríd an tionscadal a thógfar an chéad fhoirgneamh atá tiomnaithe do chúirteanna teaghlaigh in Éirinn.

*Na saoráidí a fheabhsú le go mbeadh spásanna cearta ar fáil ar a laghad chun iarracht a dhéanamh comhaontú a bhaint amach. Bhíomar brúite isteach i gcúinní i bhforhalla oscailte ina raibh gach duine in ann mo ghnó a chloisteáil. Cén fáth nach bhfuil spásanna príobháideacha ar fáil?"*

**(Duine den Phobal)**

*Má thugtar leanaí chuig an gcúirt, bíonn siad ag fanacht sna láithreacha feithimh poiblí céanna, ar minic a bhíonn daoine iontu atá ag freastal ar imeachtaí coiriúla agus/nó sibhialta mar aon le daoine atá ag freastal ar líon cásanna cúraim leanaí. Chomh maith leis sin, sa chuid is mó de chúirteanna in Éirinn, is annamh a bhíonn deis ar phríobháideacht. Mar gheall ar róphlódú sna láithreacha feithimh agus easpa spásanna príobháideacha inar féidir comhairliúcháin idir cliaint agus a n-ionadaithe dlí tarlú, tá seans maith ann go gcloisfeadh daoine den phobal mionsonraí maidir le cúinsí pearsanta linbh."*

**(Comhairliúchán le Leanaí)**

Ní mór taighde a dhéanamh ar indéantacht i ndáil leis na hathruithe seo a dhéanamh laistigh de na buiséid chaipitil a chuirtear ar fáil, mar aon le tuiscint a mhéadú ar na réimsí inar féidir feabhas a chur ar sheirbhísí.

| 8. Saoráidí agus Bonneagar | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha | Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha | Dáta Tosaithe | Dáta Seachadta |
| 1. Tacú le cúirteanna dlí teaghlaigh speisialaithe a chruthú, iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun saoráidí, faisnéis agus seirbhísí comhlonnaithe níos oiriúnaí a chur ar fáil i dtithe cúirte agus i dtimpeallacht dhigiteach | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>RDC<br>RLCMLO<br>OOP<br>RCPA | Tosaithe | Leanúnach |
| 2. Measúnú a dhéanamh ar chuir chuige i ndáil le sceidealú (sliotáin ama) agus iad a chur san áireamh i leagan amach na samhla seachadta seirbhíse 'idéalach'. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>Cláraitheoirí Contae<br>Na Breithiúna | R4 2022 | R4 2023 |
| 3. Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais reatha chun bainistiú a dhéanamh ar dhul chun cinn cásanna ar fud na hearnála agus iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna maidir le feabhas a chur ar chaighdeán faisnéise, éifeachtúlacht agus athobair a laghdú e.g.<br>• Ról na gCláraitheoirí Contae a mhéadú chun cuidiú le cásanna a thriáiseáil.<br>• Grúpa oibre a chur ar bun chun na córais reatha a fheabhsú chun cásanna a bhainistiú agus a chur chun cinn ar fud imeachtaí dlí teaghlaigh. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>RDC<br>Cláraitheoirí Contae<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>Na Breithiúna<br>Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann<br>Comhairle Bharra na hÉireann<br>RLCMLO | R1 2023 | R1 2024 |
| 4. Raon feidhme na bhfeabhsuithe a d'fhéadfaí a chur ar an timpeallacht fhisiceach i bhfoirgnimh chúirte a mheas agus an doiciméad um an bhfoirgneamh agus saoráidí dlí teaghlaigh stáit idéalacha amach anseo á chur san áireamh chun meastachán ar riachtanais mhaoinithe a chur san áireamh. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>RDC<br>RCPA<br>RLCMLO<br>Tusla<br>OOP | R1 2023 | R1 2025 |
| 5. Leanúint den obair ar Lána an Chrochaire. | **An tSeirbhís Cúirteanna**<br>RDC<br>RCPA | R1 2023 | Leanúnach |

| 8. Saoráidí agus Bonneagar | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha** | **Dáta Tosaithe** | **Dáta Seachadta** |
| 6. Taighde a dhéanamh ar an acmhainneacht a d'fhéadfadh a bheith ag Oifigigh Idirchaidrimh Cúirte (OICanna) chun cuidiú a thabhairt teaghlaigh a threorú tríd an gcóras ceartais teaghlaigh (in éineacht le taighde maidir leis an ról atá ag Oifigigh Idirchaidrimh Leanaí ag Sprioc 1). Áireofar leis sin:<br>• Taighde a dhéanamh ar an dóigh a mbaintear úsáid as Oifigigh Idirchaidrimh Cúirte i ndlínsí eile.<br>• Deiseanna féideartha a aithint ina bhféadfadh OIC cuidiú le dlíthithe i bpearsa agus lena dteaghlaigh sa chóras reatha.<br>De bhun an taighde seo, agus más iomchuí:<br>• Riachtanais róil a fhorbairt do OICanna féideartha, mar aon le teorainneacha an róil a leagan amach go soiléir (e.g. gan comhairle dlíthiúil a chur ar fáil).<br>• Clár píolótach a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú. | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna<br>RLCMLO<br>Na Breithiúna | R4 2023<br><br><br><br><br><br>R4 2023 | R4 2024<br><br><br><br><br><br>R4 2024 |

# Sprioc 9
# Athchóiriú Reachtaíochta

**Tacú leis an bpróiseas reachtaíochta ina bhforbraítear agus ina n-achtaítear reachtaíocht chun an córas ceartais teaghlaigh a athchóiriú.**

D'fhéadfadh athruithe ar an reachtaíocht a bheith ag teastáil chun athchóirithe a chur chun cinn agus a ghlacadh sa chóras ceartais teaghlaigh reatha d'fhonn córas a oibríonn a chinntiú. Tá achtú Bhille na gCúirteanna Teaghlaigh féin ina léiriú ar athrú struchtúrach tosaigh i ndáil leis an dóigh ina bhfeidhmeoidh na cúirteanna teaghlaigh amach anseo. Ní féidir athrú a bhaint amach tríd an reachtaíocht amháin. Beidh an rath a bheidh air ag brath ar na gnéithe straitéiseacha agus oibríochtúla eile ar fad den straitéis seo a bhaint amach. Beidh ról lárnach ag comhoibriú chun réimsí ina bhfuil athrú ag teastáil a aithint, chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe sin agus chun cur i bhfeidhm a leagan amach. Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar an tírdhreach reachtaíochta ar bhonn leanúnach chun tacú le hollstruchtúr córais ceartais teaghlaigh comhaimseartha atá ina léiriú ar shochaí na linne seo.

*Tá fearadh na fáilte roimh an bplean oibre reatha chun cúirt teaghlaigh speisialaithe a bhunú, agus roimh an Scéim Ghinearálta de Bhille na gCúirteanna Teaghlaigh atá bainteach leis, bíodh is go bhfuiltear ag fanacht leis le fada an lá. Trí thaighde atá curtha i gcrích ag acadóirí, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (1996), an Tionscadal Tuairiscithe um an Dlí Cúraim Leanaí agus trí abhcóideacht ó ghrúpaí úsáideoirí seirbhísí, aithníodh le tamall maith na hathruithe atá ag teastáil le go mbeadh an córas cúirteanna in Éirinn dírithe níos mó ar leanaí agus teaghlaigh, mar aon leis na hathruithe atá ag teastáil chun caighdeáin agus prionsabail an dea-chleachtais idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm, agus a chinntiú go bhfaigheann leanaí, daoine óga agus teaghlaigh an tseirbhís is fearr agus is indéanta i gcóras Cúirte Teaghlaigh speisialaithe."*

**(Kenneth Burns, COC)**

| 9. Athchóiriú Reachtaíochta | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha** | **Dáta Tosaithe** | **Dáta Seachadta** |
| 1. Tacú le Bille na gCúirteanna Teaghlaigh a fhorbairt agus a dhréachtú agus tacú le tús a chur leis. | RDC<br>An tSeirbhís Cúirteanna | Leanúnach | Foilsiú R4 2022;<br><br>Tús céimnithe i ndiaidh achtaithe. |
| 2. Dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Cúirteanna chun na hathruithe dá bhforáiltear i mBille na gCúirteanna Teaghlaigh a chur i bhfeidhm. | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna | Leanúnach | Leanúnach |
| 3. Rialacha Cúirte a fhorbairt agus a dhréachtú do Chúirteanna Teaghlaigh nua de réir mar is gá, go háirithe don Chúirt Dúiche Teaghlaigh, don Chúirt Chuarda Teaghlaigh agus don Ard-Chúirt Teaghlaigh atá le bunú faoi Bhille na gCúirteanna Teaghlaigh. | An tSeirbhís Cúirteanna /**An Coiste um Rialacha Cúirte**<br>RDC | Leanúnach | Tús céimnithe laistigh de 6 mhí ón mBille a achtú |

| 9. Athchóiriú Reachtaíochta | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha | Príomheagraíochtaí/ Eagraíochtaí Rannpháirteacha | Dáta Tosaithe | Dáta Seachadta |
| 4. Dréachtú an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) a chur chun cinn agus a fhorbairt:<br>a. Scéim agus Ceannteidil an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú), ina bhforáiltear d'athchóirithe a forbraíodh mar chuid den Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí, a fhoilsiú<br>b. Bille um Chúram Leanaí (Leasú) ina bhforáiltear d'athchóirithe a forbraíodh mar chuid den Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí, a fhoilsiú | **RLCMLO** | Leanúnach | R4 2022<br><br>R2 2024 |
| 5. Forbairt scéime/scéimeanna ginearálta maidir le riachtanais reachtaíochta a aithníodh trí ghníomhartha eile faoin straitéis seo a chur chun cinn de réir mar is gá (e.g. bailiú sonraí, díspeagadh.) | **RDC** | Leanúnach | Leanúnach |
| 6. Tacú le nuachóiriú na Seirbhíse Cúirteanna agus le reachtaíocht ábhartha chun seachadadh a chinntiú. | **RDC**<br>An tSeirbhís Cúirteanna | Leanúnach | Leanúnach |
| 7. Tacú leis an bpróiseas rialta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht sa réimse ceartais teaghlaigh agus cur i bhfeidhm athchóirithe a chur chun cinn ar bhealach tráthúil. | **RDC**<br>RLCMLO<br>An tSeirbhís Cúirteanna | Leanúnach | Leanúnach |

## 2.3. Cén chaoi a mbeidh a fhios againn gur éirigh linn?

Trí na spriocanna agus gníomhartha atá sa straitéis seo a chur i bhfeidhm:

- Beidh sé níos éasca faisnéis a fháil faoin gcóras ceartais teaghlaigh.
- Beidh sé níos éasca seirbhísí agus tacaíochtaí a aimsiú.
- Beidh eolas níos fearr ag daoine faoi na roghanna atá acu agus iad ag féachaint lena gcuid fadhbanna a réiteach.
- Beidh an struchtúr cúirte teaghlaigh i bhfeidhm.
- Cuirfear Coimpléasc Cúirteanna Teaghlaigh Lána an Chrochaire chun cinn.
- Cuirfear tacaíochtaí níos fearr ar fáil do leanaí agus do na daoine is leochailí.
- Beidh teacht níos éasca ar an gcóras ceartais teaghlaigh, beidh sé níos éasca é a thuiscint, fáil a bheith air, bealach a dhéanamh tríd, agus beidh an córas níos freagúla do riachtanais dlí a lucht úsáidte.
- Beidh níos mó eolais ar ghnéithe éagsúla den chóras, ar trí sin is féidir tacú le hathchóirithe eile a fhorbairt.

Do dhaoine atá ag baint leas as an gcóras ceartais teaghlaigh:

- Ag tús d'aistir, beidh teacht agat ar fhaisnéis níos fearr agus beidh tú níos eolaí ar na roghanna atá ar fáil duit chun iarracht a dhéanamh d'fhadhb a réiteach agus ar na seirbhísí atá ar fáil chun tacú leat.
- Beidh na daoine a mbíonn tú ag déileáil leo cóirithe níos fearr leis na huirlisí atá ag teastáil uathu chun cuidiú leat ar d'aistear.
- Má bhíonn ort a bheith i láthair sa chúirt, d'fhéadfadh níos mó deiseanna a bheith ann a bheith i láthair ar líne, nuair is cuí/oiriúnach.
- I gcás daoine arbh fhearr leo rogha malartach ar an gcúirt, beidh níos mó deiseanna ar fáil le go mbeidh tú in ann do ghnó a chur i gcrích agus d'fhadhb a réiteach ar bhealach nach bhfuil chomh naimhdeach céanna, nuair is cuí/oiriúnach.
- Faoi dheireadh na straitéise seo, beidh an obair ar thionscadal Lána an Chrochaire, atá le bheith ar an gcéad choimpléasc cúirte teaghlaigh tiomnaithe in Éirinn, curtha chun cinn go maith.
- Nuair a thiocfaidh deireadh le d'aistear, tuigfidh tú an toradh agus an tionchar atá aige ortsa agus ar do theaghlach.


I gcás leanaí, ciallaíonn sé sin:

- Go mbeidh teacht acu ar fhaisnéis is féidir leo a thuiscint;
- Go gcuirfear feabhas ar an dóigh a gcloistear a nguth sa chúirt.

I gcás tuismitheoirí, ciallaíonn sé sin:

- Go mbeidh an rogha acu a bheith i láthair sa chúirt ag am sainithe;
- Go mbeidh teacht níos fearr ag a gcuid leanaí ar thacaíochtaí mar aon le faisnéis is féidir leo a thuiscint;
- Go mbeidh bealaí níos fearr acu chun déileáil lena saincheist ceartais teaghlaigh agus é mar aidhm leis na bealaí sin nach mbeadh sé bunaithe an oiread sin ar sháraíocht agus ar choimhlint.

# Cuid 3–
# Monatóireacht agus Forfheidhmiú



# 3 Monatóireacht agus Forfheidhmiú

**Trí na gníomhartha atá leagtha amach sa straitéis seo, bunófar na struchtúir agus próisis lárnacha do chóras ceartais teaghlaigh athchóirithe. Go príomha, beidh sé de fhreagracht ar fhormhór na n-eagraíochtaí a chuimsíonn an Grúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh na gníomhartha seo a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, beidh teagmháil mar aon le hionchur saineolaíoch ó chomhlachtaí eile ag teastáil ó roinnt díobh le go n-éireodh leo iad a chur i bhfeidhm.**

## 3.1 GFCT, Fóram um Fhorbairt le Foghrúpaí faoi Stiúir an Aire

Agus aitheantas á thabhairt dó seo, déanfar an Grúpa Forfheidhmithe Ceartais Teaghlaigh (GFCT) d'fhormhór chomhaltas an Ghrúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh agus gníomhóidh sé mar an príomhstruchtúr forfheidhmithe don straitéis. Tríd an ngrúpa, cuirfear ceannaireacht ar fáil ar fud an chórais agus laistigh de na heagraíochtaí is comhaltaí faoi seach, neadófar athchóirithe agus cuirfear a bhforfheidhmiú chun cinn – agus é mar aidhm leo ar fad cur le heispéiris úsáideoirí. Tionólfar cruinnithe uair amháin in aghaidh na ráithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, a gcuirfear bonn eolais faoi trí thuairiscí nuashonrúcháin leathbhliantúla. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh na cruinnithe seo deis a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara eile chun páirt a ghlacadh ar bhealach struchtúrtha leis an nGrúpa maidir le téamaí, saincheisteanna nó gníomhartha áirithe atá á gcur chun cinn mar chuid den phróiseas forfheidhmithe.

Cruthófar Fóram Forbartha Ceartais Teaghlaigh freisin agus déanfaidh an tAire Dlí agus Cirt cathaoirleacht air. Tríd an bhfóram, cuirfear deis ar fáil chun an t-eolas is déanaí a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir leis an bpróiseas forfheidhmithe, aiseolas a fháil maidir leis an bpróiseas sin agus dul i dteagmháil faoi shaincheisteanna nó píosaí oibre áirithe atá ag teacht chun cinn mar gheall ar an straitéis seo.

Beidh Comhaltas ar an bhFóram comhdhéanta de pháirtithe leasmhara agus comhaltaí de na grúpaí comhairleacha a aithníodh roimhe seo. Bhí ról tábhachtach ag na grúpaí comhairleacha sa phróiseas comhairliúcháin, a bhí mar bhonn eolais i leith forbairt na straitéise seo. Is ar bhonn tréimhsiúil a dhéanfar athbhreithniú ar Chomhaltas an Fhóraim Forbartha agus, nuair a aithnítear iad, tabharfar cuireadh do ghrúpaí breise le páirt a ghlacadh. Tá sé beartaithe go dtionólfar cruinnithe den Fhóram Forbartha dhá uair sa bhliain.

Baineann go leor de na gníomhartha atá sa straitéis seo le foghrúpaí a chruthú chun tabhairt faoi phíosaí oibre ar leith. Táthar ag súil go mbeidh comhaltaí eagraíochta den Phríomhghrúpa Forfheidhmithe i gceannas ar na foghrúpaí seo, go mbeidh ionadaithe ó eagraíochtaí is comhaltaí eile iontu, agus nuair is gá, go gcuirfear ionadaithe ón Roinn san áireamh iontu. Le linn an chruinnithe ráithiúil, tuairisceoidh cathaoirleach gach aon fhoghrúpa don Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le dul chun cinn a bhaineann lena réimse oibre. I gcairt 6 ar chúl an leathanaigh, tugtar léiriú ar an struchtúr forfheidhmithe agus monatóireachta seo.

Déanfar tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a fhoilsiú, ina n-aithneofar na héachtaí atá bainte amach againn go dtí seo mar aon leis an obair atá le déanamh amach anseo chun an córas a fhorbairt tuilleadh.




**Cairt 6:** *An Struchtúr Monatóireachta agus Forfheidhmithe i leith Ceartas Teaghlaigh*

# Aguisín I
# Comhaltas ar an nGrúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh

## An Roinn Dlí agus Cirt

- Oonagh Buckley (Cathaoirleach) – Leas-Ard-Rúnaí
- Andrew Munro – Rúnaí Cúnta, Beartas Sibhialta agus Reachtaíocht
- Stjohn O'Connor – Stiúrthóir, Rialú Ceartais Shibhialta
- Liam Coen – Príomhoifigeach, Beartas um Cheartas Sibhialta (Rochtain ar Cheartas)
- Tracy O'Keeffe - Príomhoifigeach, Reachtaíocht Ceartais Shibhialta
- Gerry McDonagh – Príomhoifigeach, Rialú Ceartais Shibhialta
- Louise Sandom - Príomhoifigeach, Trédhearcacht
- Louise O'Meara (Rúnaí) – Príomhoifigeach Cúnta, Beartas um Cheartas Sibhialta (Rochtain ar Cheartas)

## Na Breithiúna

- An Breitheamh Onórach Uasal John Jordan – Ard-Chúirt
- An tOnórach, an Breitheamh Paul Kelly – Uachtarán Na Cúirte Dúiche

## Cláraitheoir Contae

- Deirdre Burke – An Cláraitheoir Contae do Loch Garman agus Cill Chainnigh

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

- Ciara Pigeon – Príomhoifigeach, an tAonad um Beartas Tacaíochta Tuismitheoireachta
- Lara Hynes – Rúnaí Cúnta Gníomhach, Rannán um Rialachas agus Beartas Leanaí Tusla (ó mhí Feabhra 2022), Príomhoifigeach, An tAonad Beartais um Reachtaíocht Chúraim Leanaí agus um Chearta Leanaí (suas le mí Feabhra 2022)

## An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

- Marianne Nolan – Príomhoifigeach, Vóta Ceartais, An Rannán Caiteachais Phoiblí

## An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

- John McDaid – Príomhfheidhmeannach
- Joan Crawford – Stiúrthóir um Sholáthar Seirbhísí Inmheánacha

## An tSeirbhís Cúirteanna

- Peter Mullan – An Ceann Stiúrthóireachta, Oibríochtaí na gCúirteanna Cuarda agus Dúiche
- Emer Darcy – An Ceann um Athchóiriú an Dlí Theaghlaigh

## Tá buíochas ar leith ag dul d'iarchomhaltaí an Ghrúpa:

- An tOnórach Colin Daly – Uachtarán na Cúirte Dúiche
- An tOnórach, an Breitheamh Petria McDonnell – an Chúirt Chuarda
- John O'Callaghan – RDC, Rúnaí Cúnta, Beartas Sibhialta agus Reachtaíocht
- Yvonne White – RDC, Ceann na Feidhme Rialachais Sibhialta
- Angela McDonnell – An Bord um Chúnamh Dlíthiúil, Stiúrthóir, Straitéis & Cinnteoireacht
- Regina Terry – RDC, Príomhoifigeach, Beartas um Cheartas Sibhialta (Rochtain ar Cheartas)
- Mary O'Callaghan (Rúnaí) - RDC, Príomhoifigeach Cúnta, Beartas um Cheartas Sibhialta (Rochtain ar Cheartas)
- Matthew Sewell (Rúnaí)- RDC, Oifigeach Riaracháin, Beartas um Cheartas Sibhialta (Rochtain ar Cheartas)

# Aguisín II
# Reachtaíocht agus Athchóirithe i gCeartas Teaghlaigh atá nasctha leis an Straitéis seo

## Coinbhinsiúin maidir le Cearta

Tá tábhacht leis an reifreann bunreachtúil maidir le cearta leanaí sa bhliain 2012 agus an reachtaíocht a ritheadh ina dhiaidh sin in 2015 maidir leis an dóigh ina dtéitear i dteagmháil le leanaí agus daoine óga i dtimpeallachtaí dlíthiúla agus timpeallachtaí cúirte teaghlaigh. Tá Éire freagrach do Choiste na NA maidir le Cearta an Linbh i ndáil le réimsí ar nós saineolaithe leanaí a chur ar fáil chun guth an linbh a chloisteáil in imeachtaí dlí agus riaracháin. Leis an Acht um Chúram Leana (Leasú) 2022, treisítear cearta bunreachtúla leanaí go gcloisfí a nguth in imeachtaí dlí a bhaineann leo. Chomh maith leis sin, mar thoradh ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú sa bhliain 2018, éilítear ar Éirinn meas ar shaol an teaghlaigh agus rochtain ar gach cineál ceartais do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.

## Bille na gCúirteanna Teaghlaigh

I mí Mheán Fómhair 2020, cheadaigh an Rialtas Bille na gCúirteanna Teaghlaigh a dhréachtú chun foráil a dhéanamh d'Ard-Chúirt Teaghlaigh, Cúirt Chuarda Teaghlaigh agus Cúirt Dúiche Teaghlaigh a bhunú mar rannáin laistigh de na struchtúir chúirte reatha. I ndiaidh achtaithe, beidh an reachtaíocht seo ina dlúthchuid den chóras ceartais teaghlaigh a athchóiriú, ar tríd an reachtaíocht a chuirfear go leor de na codanna ar fáil atá bunriachtanach chun córas cúirte teaghlaigh níos éifeachtaí agus níos so-úsáidte a fhorbairt; ar córas é ina gcuirtear teaghlaigh i gcroílár na ngníomhaíochtaí, ina ndéantar éascaíocht ar theacht a bheith ar thacaíochtaí speisialaithe agus ina spreagtar úsáid a bhaint as réiteach díospóide malartach cuí in imeachtaí dlí teaghlaigh.

## Foráiltear leis an mBille:

- Do shraith de phrionsabail threoracha d'fhonn a chinntiú go bhfeidhmeodh an córas Cúirte Teaghlaigh ar bhealach éifeachtúil, bainistiú cáis éifeachtach sna cúirteanna a spreagadh agus tús áite a thabhairt do leas an linbh sna himeachtaí dlí teaghlaigh ar fad.
- Do bhreithiúna a shannadh ar bhonn lánaimseartha don Ard-Chúirt Teaghlaigh, don Chúirt Chuarda Teaghlaigh, agus don Chúirt Dúiche Teaghlaigh. Is breithiúna iad seo a mheasfar, mar gheall ar an oiliúint nó taithí atá acu, a bheith oiriúnach chun déileáil le ceisteanna dlí teaghlaigh. Beidh oiliúint ghairmiúil leanúnach i réimse an dlí theaghlaigh ag teastáil.
- D'ainmniú agus teorainneacha geografacha cuarda Cúirteanna Cuarda Teaghlaigh agus do na cuarda seo a dheighilt ina ndúichí Cúirteanna Dúiche Teaghlaigh.

Is é an cuspóir go suífeadh an Chúirt Teaghlaigh chun imeachtaí dlí teaghlaigh a éisteacht (imeachtaí cúraim leanaí san áireamh) i bhfoirgneamh nó seomra ar leith seachas iad sin ina reáchtáiltear suíonna cúirte eile nó go reáchtálfaí suíonna ar laethanta difriúla nó ag amanna difriúla le hais suíonna cúirte eile.

## Cothabháil a Athchóiriú

Cuidíonn íocaíochtaí cothabhála linbh le teaghlaigh aontuismitheora a bheith ina dtuismitheoir ar leanaí agus le hiad a thógáil – mar sin, is gné thábhachtach d'ioncam leanaí agus teaghlaigh tacú le tuismitheoirí maidir lena gcuid leanaí a thógáil. Is fíor sin go háirithe i gcás daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Sa bhliain 2020, bhunaigh Aire Coimirce Sóisialaí an trátha sin Grúpa Athbhreithnithe chun iniúchadh a dhéanamh agus moltaí a thabhairt maidir le (i) an áit atá ag ioncam cothabhála sna coinníollacha a ghabhann le soláthar scéimeanna agus íocaíochtaí coimirce sóisialaí agus le saincheisteanna gaolmhara agus (ii) Gníomhaireacht Cothabhála Leanaí a chur ar bun. Chuir an Grúpa a thuarascáil faoi bhráid an Aire Coimirce Sóisialaí i mí Aibreáin 2022.

## An Straitéis um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGI)

D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt an tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe i mí an Mheithimh 2022. Agus forbairt á déanamh ar na prionsabail a leagtar amach i gCoinbhinsiún Iostanbúl, tá ceithre cholún lárnacha i gcroílár na straitéise: cosc, cosaint, cúiseamh agus comhordú beartais.

D'fhéadfadh deacrachtaí ar leith a bheith ag marthanóirí FBGI nuair a fhéachann siad lena gcuid ceisteanna ceartais teaghlaigh a réiteach. D'fhéadfadh sé go n-éireodh dóibh a bheith ag glacadh páirte in imeachtaí comhreathacha nó comhleanúnacha dlí coiriúil agus teaghlaigh. I gcásanna dá leithéid, d'fhéadfadh sé a bheith orthu a n-eispéiris ar imeachtaí coiriúla a chur díobh an athuair sa spás dlí teaghlaigh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh faisnéis agus tacaíocht, eolas níos fearr ar na deacrachtaí ar leith atá os a gcomhair, agus rochtain níos fearr ar chomhairle agus ionadaíocht dhlíthiúil a bheith de dhíth ar mharthanóirí. Ó thaobh an chórais de, tá riachtanas ann freisin bealaí a aithint ina bhféadfadh an córas dlí coiriúil, teaghlaigh agus cúraim leanaí feabhas a chur ar eispéiris na dteaghlach seo, a gcosaint agus leas a chur chun cinn agus tacú leo a saol a chaitheamh.

## Clár Nuachóirithe na Seirbhíse Cúirteanna

Thug an tSeirbhís Cúirteanna faoi Chlár Nuachóirithe uaillmhianach deich mbliana chun an bealach a gcuireann sí seirbhísí ar fáil a athrú ó bhonn agus córas cúirteanna nua-aimseartha den chéad scoth a chruthú ina gcuirtear eispéireas cúirte níos tapa, níos éasca agus níos éifeachtúla ar fáil do na daoine a úsáideann an córas, a oibríonn sa chóras agus a íocann as an gcóras. Leis an gclár, féachtar le haistriú a dhéanamh i dtreo córais atá níos digití agus atá dírithe níos mór ar an úsáideoir. Mar chuid den chlár seo, cuireadh tús le sruth oibre um Athchóiriú an Dlí Theaghlaigh i mí an Mhárta, 2021. Is é is cúram don chlár Seirbhísí Dlí Teaghlaigh athchóirithe a leagan amach, lena n-áirítear:

- scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an líon cásanna nach mór don chóras cúirteanna déileáil leo a íoslaghdú agus faisnéis a chur ar fáil maidir le réitigh diúscartha agus fuascailte malartacha;
- an riachtanas a bheith i láthair sa chúirt a laghdú agus an réimse ceisteanna ar féidir déileáil leo a mhéadú, le go mbeadh níos mó ama ag cúirteanna, agus
- an líon ócáidí foirmiúla sna cúirteanna trí bhíthin éisteachtaí agus iarratais a laghdú, i.e. tá próiseas níos simplí, níos soiléire ina bhunchloch den Straitéis seo.

Príomhthionscadal na Seirbhíse Cúirteanna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta is ea coimpléasc Cúirte Teaghlaigh comhaimseartha, saintógtha a fhorbairt ar Lána an Chrochaire i mBaile Átha Cliath. Tríd an bhforbraíocht atá beartaithe, beifear in ann deireadh a chur leis na saoráidí Dlí Teaghlaigh atá faoi bhun caighdeáin ag Teach an Charnáin, Teach an Fhionnuisce agus Teach Cúirte Shráid na Seansaireachta. Cuirfear obair chun cinn ina leith seo ar feadh shaolré na straitéise seo.

## An Grúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach

Bunaíodh an Grúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach (GOPB) i mí Aibreáin 2021 chun breithniú a dhéanamh ar an líon agus cineál breithiúna atá ag teastáil d'fhonn ceartas a riar go héifeachtúil sa chúig bliana atá romhainn.

Beidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar bhunú Cúirte Teaghlaigh de réir mar a atá á mholadh i mBille na gCúirteanna Teaghlaigh ó thaobh acmhainn bhreithiúnach bhreise de. Tá an Grúpa Oibre ag súil lena chuid oibre a chur i gcrích agus í a chur faoi bhráid an Aire i dtreo dheireadh na bliana 2022.

## Cúnamh Dlí Sibhialta a Athbhreithniú

Bunaíodh an scéim um Chúnamh Dlí Sibhialta ar dtús sa bhliain 1979 sular leagadh amach sa dlí í in 1995. Tá cúnamh dlí ar fáil faoi láthair do dhaoine a chomhlíonann na critéir incháilitheachta don scéim (tástáil acmhainne san áireamh). Cé go bhfuil sí ar fáil le haghaidh raon réimsí den dlí, is le réimse an dlí theaghlaigh a bhaineann an soláthar den chuid is mó. Is é an Bord um Chúnamh Dlíthiúil an riarann an scéim. Chomh maith leis sin, cuireann an Bord seirbhís idirghabhála teaghlaigh ar fáil saor in aisce do dhaoine atá ag iarraidh réiteach níos foirmiúla a bhaint amach i ndáil lena gcuid fadhbanna teaghlaigh.

I mí an Mheithimh, 2022, d'fhógair an tAire bunú an ghrúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim um Chúnamh Dlí Sibhialta, faoi chathaoirleacht an IarPríomh-Bhreithimh Frank Clarke. Táthar ag súil le tuarascáil a fháil ón nGrúpa sa bhliain 2023.

## Seirbhísí Caomhnóra Ad Litem a Athchóiriú

D'fhéadfadh cúirt Caomhnóir ad litem (CAL) a cheapadh d'fhonn mianta, mothúcháin agus leas leanaí a dheimhniú go neamhspleách. Faoi láthair, is faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, a fhoráiltear do shocruithe CAL do leanaí atá faoi réir imeachtaí dlí poiblí maidir le cúram leanaí. Síníodh an tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2022 ina dhlí i mí Iúil, 2022. Leis an Acht, cuirtear bonn reachtúil faoi sheirbhís náisiúnta Caomhnóra ad litem.

## An tAcht um Chúram Leanaí a Athbhreithniú

Is é an tAcht um Chúram Leanaí 1991 an príomhphíosa reachtaíochta lena rialaítear beartas i leith cúram leanaí agus cosaint leanaí in Éirinn. In Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile – An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020, thug an Rialtas gealltanas chun 'an tAcht um Chúram Leanaí, 1991 a athbhreithniú agus a athchóiriú de réir mar is gá.' Chuir RLCMLO tograí i ndáil le hathchóiriú faoi bhráid an Rialtais in 2021 i ndiaidh próisis fhairsing athbhreithnithe, lenar áiríodh comhairliúchán le réimse leathan páirtithe leasmhara. Cuireadh tús le Scéim Ghinearálta agus Ceannteidil an Bhille a dhréachtú de bhua na dtograí seo agus táthar ag súil iad a fhoilsiú ag deireadh na bliana 2022.

# Aguisín III
## Forbairtí Idirnáisiúnta a bhaineann le Ceartas Teaghlaigh

## Tuaisceart Éireann[11]

Mar chuid den Phlean um Nuachóiriú an Cheartais Shibhialta a Sheachadadh i dTuaisceart Éireann, tá pleananna ar bun chun roinnt athruithe a dhéanamh ar an gcóras ceartais teaghlaigh reatha. Áirítear leis na hathruithe seo feabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise agus an chúirt a "shoiléiriú" trí Phlean Gnímh um Réiteach Luath lena n-áireofar tacaíochtaí do dhlíthithe tuata freisin. Chomh maith leis sin, cuirfear líon tacaíochtaí agus bearta i bhfeidhm do shaoránaigh leochaileacha (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumais fhisiceacha agus intleachta agus íospartaigh an foréigin bhaile freisin). Leanfar d'úsáid a bhaint as RDM sa dlí príobháideach agus tá féidearthacht ann RDM a thabhairt isteach ar líne (a bhfuil tástáil á déanamh air faoi láthair). I gcásanna dlí teaghlaigh phoiblí, tá pleananna ar bun chun ceapachán saineolaithe a chuíchóiriú. Chomh maith leis sin, bhí comhairliúchán poiblí maidir le plean a fógraíodh chun orduithe costas pro bono (atá cosúil le gnáthorduithe costas, ach ar trí sin is féidir na táillí a d'fhéadfadh a bheith tabhaithe ag an dámhachtaí chun ionadaithe dlíthiúla a ghníomhaigh ar bhonn pro bono a íoc nó chun é a dheonú chun tacú le hobair pro bono amach anseo) a thabhairt isteach á ullmhú freisin.

## Albain[12]

Sa Phlean um Nuachóiriú an Cheartais Shibhialta in Albain, tá pleananna ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a n-éisteann cúirt tuairimí an linbh. Áirítear leis an straitéis ceanglas a bheith ar an gcúirt a cinntí a mhíniú don leanbh. Bunaíodh straitéis ar leith le haghaidh éisteachtaí leanaí, ina ndéanfar athshamhlú ar an dóigh a n-éistear guth an linbh trí úsáid a bhaint as réimse éagsúil uirlisí digiteacha. Maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí, is codanna lárnacha den straitéis seo faisnéis a chur ar fáil maidir le nósanna imeachta cúirteanna agus RDM mar aon le lárionaid teagmhála le leanaí a bhunú. Le linn imeachtaí cúraim leanaí, tabharfaidh údaráis tús áite do chaidrimh siblín leanaí atá faoi chúram, agus lorgófar tuairimí siblíní linbh fiú in imeachtaí dá leithéid (má mheastar go bhfuil sé oiriúnach).

## Sasana agus an Bhreatain Bheag[13]

I Sasana agus sa Bhreatain Bheag, bhí athchóiriú an cheartais teaghlaigh agus na straitéisí a bhí mar thoradh air dírithe den chuid is mó ar sheirbhís thiomnaithe neamhspleách a fhorbairt agus a choinneáil chun ionadaíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna an dlí theaghlaigh maidir le leanaí. Gníomhaíonn CAFCASS mar chomhlacht ionadaíochta do leanaí sa chóras ceartais agus tugann sé comhairle do chúirteanna freisin maidir leis an mbealach is fearr riachtanais, mothúcháin agus mianta leanaí a chur san áireamh. Sa straitéis reatha, breathnaítear ar thrédhearcacht a fheabhsú, seirbhísí ENR a chomhcheangal leis an gcóras ceartais reatha agus súil a chaitheamh ar acmhainní agus éileamh a bhainistiú agus iarracht a dhéanamh an dóigh a n-úsáidfear a chuid acmhainní ar bhealach níos éifeachtaí a chinneadh. Chomh maith leis sin, tá athchóiriú faoi bhealach i ndáil le hinfhaighteacht faisnéise agus úsáid na teicneolaíochta a mhéadú chun rochtain ar cheartas a fheabhsú.

## Ceanada[14]

I gCeanada, rinneadh roinnt athchóirithe ar an dlí teaghlaigh. In 2018, moladh reachtaíocht i ndáil le colscaradh, idirscaradh agus tuismitheoireacht. Leis an reachtaíocht seo, chuirfí leas an linbh chun cinn (an fhoclaíocht a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar shocruithe tuismitheoireachta a athrú, agus téarmaíocht a úsáid atá dírithe níos mó ar leanaí), agus thabharfaí aghaidh ar fhoréigean teaghlaigh agus laghdófaí bochtaineacht ag an am céanna freisin. Chomh maith leis sin, tugadh líon bearta isteach le go mbeadh an córas ceartais teaghlaigh níos inrochtana, níos éifeachtúla agus níos inacmhainne. Áirítear leis na bearta seo: cead a thabhairt d'úsáideoirí seirbhísí tacaíocht leanaí a athríomh ag tráth ar bith, seachas cloí le sceideal socraithe; gan cead a thabhairt ach d'aon chúirt amháin a bheith páirteach i gcásanna dlí teaghlaigh áirithe (sa chóras reatha, ceadaítear d'úsáideoirí i gcúigí agus i ndúichí difriúla páirt a thabhairt dá gcúirt áitiúil i ndáil le hordú tacaíochta a iarraidh, ar trí sin a dhéantar an próiseas níos casta); agus údarás agus spreagadh a thabhairt maidir le RDM a úsáid seachas dlíthíocht freisin.

## An Nua-Shéalainn[15]

In 2014, chuir an Nua-Shéalainn roinnt athchóirithe i gcrích sa spás dlí teaghlaigh. Chun maoirseacht a dhéanamh, d'eagraigh an Roinn Ceartais athbhreithniú ar thuarascáil na bliana 2014 sa bhliain 2018. Cuireadh an t-athbhreithniú seo i gcrích trí phainéal neamhspleách a reáchtáil dhá bhabhta de chomhairliúcháin phoiblí. D'eisigh na Painéal seo tuairisc inar tugadh 70 moladh chun athruithe a dhéanamh ar an dlí, ar bheartas agus ar chleachtais i ndáil le ceartas teaghlaigh. Áirítear athrú reachtach le roinnt de na moltaí seo, agus i moltaí eile, breathnaítear ar nithe ar nós réiteach luath a chur chun cinn trí fhaisnéis a bhfuil fáil uirthi agus tuismitheoirí

11 https://www.justice-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/justice/2021-civil-justice-modernisation-delivery-plan-5.pdf

12 https://www.gov.scot/publications/family-justice-modernisation-strategy/documents/

13 https://www.cafcass.gov.uk/about-cafcass/reports-and-strategies/ and https://gov.wales/sites/default/files/publications/2020-06/cafcass-cymru-strategic-plan-2020-2025.pdf

14 https://www.justice.gc.ca/eng/csj-sjc/pl/famil/index.html#:~:text=On%20May%2022%2C%202018%2C%20the,responsive%20to%20Canadian%20families'%20needs .

15 https://www.justice.govt.nz/justice-sector-policy/key-initiatives/family-court-rewrite/#:~:text=The%20Government%20is%20establishing%20a,introduced%20into%20Parliament%20in%202022.

a spreagadh a bheith páirteach sa "seirbhís cheart, ag an am ceart, ar an dóigh cheart". Chomh maith leis sin, déantar breithniú ar líon athchóirithe i ndáil le hoiliúint a chur ar ghairmithe agus baill foirne cúirteanna, i ndáil le hacmhainní a leithdháileadh agus i ndáil leis an ról atá ag réitigh theiripeacha.

Sa bhliain 2020, chuir an Rialtas moltaí na dtuairiscí i bhfeidhm tríd an Acht Reachtaíochta um Chúirteanna Teaghlaigh (Tacú le Teaghlaigh sa Chúirt) 2020 a achtú. Rinneadh foráil sa reachtaíocht seo do "Treoraithe Cúirte Teaghlaigh nua Kaiārahi chun treoir agus faisnéis a chur ar fáil maidir leis na roghanna réitigh agus tacaíochta atá ar fáil do thuismitheoirí, cúramóirí agus whanau (teaghlach sínte) atá ag smaoineamh ar iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Teaghlaigh" mar aon leis an méid a leanas a chur ar fáil "acmhainní agus faisnéis ardchaighdeáin agus inrochtana a chuideoidh le leanaí, tuismitheoirí agus whānau a mbealach a dhéanamh trí Cheisteanna Cúraim Leanaí. Cuirfear an t-ábhar ar fáil i réimse formáidí agus teangacha. Beidh teacht ag leanaí, tuismitheoirí agus whanau ar an bhfaisnéis atá ag teastáil uathu ionas go dtuigfidh siad na roghanna atá acu laistigh agus lasmuigh den chúirt araon". I mí Lúnasa 2021, rith an Rialtas an tAcht Reachtaíochta um Chúirteanna Teaghlaigh (Tacú le Teaghlaigh sa Chúirt), 2022 ar tríd an Acht a leagfar béim ar rannpháirtíocht leanaí i réiteach díospóide. Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh an Roinn Ceartais tuairisc maidir le rannpháirtíocht leanaí in RDM.

## An Astráil[16]

Sa bhliain 2021, rith rialtas na hAstráile an tAcht um Chúirt Fheidearálach Chuarda agus Teaghlaigh na hAstráile, 2021 agus an tAcht um Chúirt Fheidearálach Chuarda agus Teaghlaigh na hAstráile (Leasuithe Iarmhartacha agus Socruithe Idirthréimhseacha), 2021 trí pharlaimint, ar léiriú a bhí ann ar Chúirt Teaghlaigh na hAstráile agus Cúirt Fheidearálach Chuarda na hAstráile a chomhaontú mar eintiteas amháin. Tá an t-athchóiriú seo dírithe ar an bpróiseas a shimpliú do theaghlaigh ar mhian leo a saincheist dlí teaghlaigh a réiteach. Tabharfaidh an chúirt nua seo tús áite do leanaí agus daoine leochaileacha, agus d'fhonn a sábháilteacht a chinntiú, cuirfear feabhas ar bhearta scagtha i ndáil le rioscaí a aithint go luath. Díreoidh an chúirt ar dhíospóidí a réiteach go héifeachtúil trí chonairí bainistithe cáis níos fearr, agus spreagfar úsáid a bhaint as RDM nuair atá sé sábháilte amhlaidh a dhéanamh ("Níor chóir dul i mbun imeachtaí cúirte ach amháin nuair nach bhfuil an dara rogha ann").

16 https://www.fcfcoa.gov.au/news-and-media-centre/changes-fcfcoa

# Aguisín IV

## Sonraí maidir le Ceartas Teaghlaigh

## 1. Tréimhsí Feithimh i leith an Dlí Theaghlaigh i gCúirteanna Dúiche

**Tábla 2:** *Tréimhsí Feithimh i gCúirteanna Dúiche (Seachtaini): Suas chomh fada leis an 31 Nollaig 2021*

| Oifig | Iarratais faoin Dlí Teaghlaigh maidir le Foréigean Baile (1)* | Iarratais faoin Dlí Teaghlaigh ar Chothabháil/ Caomhnóireacht (2) |
|---|---|---|
| **Baile Átha Luain** | Na Chéad Suíonna Eile | 4 - 8 |
| **Béal an Átha** | 4 | 4 |
| **Bré** | 6 | 6 |
| **Ceatharlach** | 10 | 10 |
| **Cora Droma Rúisc** | An Chéad Suí Eile | An Chéad Suí Eile |
| **Caisleán an Bharraigh** | An Chéad Suí Eile | 16 |
| **An Cabhán** | 12 | 12 |
| **Cloich na Coillte** | An Chéad Suí Eile | 4 |
| **Cluain Meala** | 6 - 8 | 6 - 8 |
| **Corcaigh** | An Chéad Suí Eile | 13 |
| **Dún na nGall** | An Chéad Suí Eile | 4 - 8 |
| **Baile Átha Cliath (Teach an Charnáin)** | An Lá Céanna | 25 |
| **Dún Dealgan Dundalk** | 8 - 12 | 16 - 20 |
| **Inis** | 2 - 8 | 8 |
| **Gaillimh** | 12 | 12 |
| **Cill Chainnigh** | 1 | 10 - 12 |
| **Leitir Ceanainn** | An Chéad Suí Eile | 8 |
| **Luimneach** | 4 | 8 |
| **An Longfort** | An Chéad Suí Eile | 4 - 12 |
| **Baile Locha Riach** | An Chéad Suí Eile | 8 |
| **Mala** | An Chéad Suí Eile | 4 - 6 |
| **Muineachán** | 0 | 4 |
| **An Muileann gCearr** | An Chéad Suí Eile | 4 - 8 |
| **An Nás** | 4 | 32 |
| **An tAonach** | 26 | 26 |
| **Durlas** | 8 | 8 |
| **Port Laoise** | 14 | 14 |
| **Ros Comáin** | An Chéad Suí Eile | An Chéad Suí Eile |
| **Sligeach** | An Chéad Suí Eile | 10 - 12 |
| **Trá Lí** | 4 | 8 |
| **Baile Átha Troim** | 16 | 16 |
| **Tulach Mhór** | 23 | 23 |
| **Port Láirge** | 4 | 4 |
| **Loch Garman** | An Chéad Suí Eile | 12 |
| **Eochaill** | An Chéad Suí Eile | 4 - 6 |

*Foinse: An tSeirbhís Cúirteanna, 2022*
**Déileáiltear le hiarratais eatramhacha práinneacha ar an toirt i.e. ar an gcéad lá eile chun suí i ngach Dúiche*
(1) An tréimhse ón iarratas a fháil go dtí go liostaítear é i gcomhair éisteachta i gceisteanna maidir le foréigean baile
(2) Amhail (1) ach d'iarratais dlí teaghlaigh eile

## 2. Tréimhsí Feithimh i leith an Dlí Theaghlaigh i gCúirteanna Cuarda

**Tábla 3:** *Tréimhsí Feithimh i gCúirteanna Cuarda (Míonna): Nollaig 2021*

| Oifig | Dlí Teaghlaigh a Cuireadh ina Aghaidh (3) | Dlí Teaghlaigh nár Cuireadh ina Aghaidh (4) | Achomhairc Dlí Teaghlaigh (5) |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 6 | 3 | 6 |
| Cora Droma Rúisc | 6 - 9 | An chéad suí eile | An chéad suí eile |
| Caisleán an Bharraigh | 3 | 3 | 3 |
| An Cabhán | 12 - 18 | 3 | 12 - 18 |
| Cluain Meala | 6 - 12 | 0 - 3 | 3 - 6 |
| Corcaigh | 9 + | 3 – 6 | 6 - 9 |
| Baile Átha Cliath (Teach an Fhionnuisce) | 4 - 6 | 2 | 1.5 |
| Dún Dealgan | 9 - 12 | 6 - 9 | 6 - 9 |
| Inis | 12 | 6 | 9 |
| Gaillimh | 3 - 6 | 3 | 3 - 6 |
| Cill Chainnigh | 6 | An chéad suí eile | 6 |
| Leitir Ceanainn | 9 | An chéad suí eile | 9 |
| Luimneach | 6 | 2 | 3 |
| An Longfort | 6 - 9 | An chéad suí eile | An chéad suí eile |
| Muineachán | 6 | 3 | 6 |
| An Muileann gCearr | 6 – 9 | An chéad suí eile | 6 - 9 |
| An Nás | 26 | An Chéad Suí Eile den Dlí Teaghlaigh | An chéad suí eile |
| Port Laoise | 6 | 6 | 3 |
| Ros Comáin | 6 | 3 | 3 |
| Sligeach | 8 | An chéad suí eile | An chéad suí eile |
| Trá Lí | 6 | 2 | 6 |
| Baile Átha Troim | 18 - 24 | 3 - 6 | 6 - 9 |
| Tulach Mhór | 9 - 12 | 3 - 6 | 3 - 6 |
| Port Láirge | 9 - 12 | 3 | 9 - 12 |
| An Chéad Suí Eile | 12 | An chéad suí eile | An chéad suí eile |
| Cill Mhantáin | 6 | 3 | 6 |

*Foinse: An tSeirbhís Cúirteanna, 2022*

(3) An tréimhse ón bhfógra trialach/ réamhordú a fháil go dtí go liostaítear é mar ábhar a bhfuiltear ag cur ina aghaidh

(4) Amhail (3) ach le haghaidh ceisteanna nach bhfuiltear ag cur ina n-aghaidh

(5) An tréimhse ón Achomharc Cúirte Dúiche a fháil go dtí dáta na héisteachta achomhairc

## 3. An Oifig Idirghabhála Teaghlaigh – Tréimhsí Feithimh

**Tábla 4:** *Tréimhsí Feithimh don Oifig Idirghabhála Teaghlaigh ina Seachtainí*

| Láthair/Bliain | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Baile Átha Luain** | 8 | 12 | 24 | 12 | 20 | 49 |
| **Baile Bhlainséir** | 8 | 16 | 8 | 20 | 16 | 24 |
| **Caisleán an Bharraigh** | 8 | 12 | 12 | 8 | 24 | Folamh |
| **Corcaigh** | 12 | 12 | 24 | 28 | 14 | 24 |
| **Dún Dealgan** | 4 | 12 | 20 | 36 | 10 | 32 |
| **Gaillimh** | 8 | 4 | 16 | 8 | 12 | 16 |
| **Teach Jervis** | 4 | 12 | 16 | 16 | 16 | 24 |
| **Cill Chainnigh** | 0 | 0 | 0 | 20 | 8 | 8 |
| **Leitir Ceanainn** | 8 | 4 | 16 | 16 | 16 | 20 |
| **Luimneach** | 16 | 12 | 6 | 12 | 20 | 12 |

*Foinse: Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil 2020*